

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 319



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

13 Nollaig 2022

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta 1

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

- ★ Cinneadh (AE) 2022/2435 ón gComhairle an 26 Iúil 2022 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar 5

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2436 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2017/1770 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí 8
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2437 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc ⁽¹⁾ 16

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil i dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

TREORACHA

- ★ Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2438 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2022 lena leasaítear Treoir 93/49/CEE agus Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE a mhéid a bhaineann le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais ar ábhar iomadaíthe plandaí ornáideacha, ar ábhar iomadaíthe plandaí torthaí agus ar phlandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí 54

CINNTÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2022/2439 ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 lena n-údaráítear do na Ballstáit, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach, glacadh le haontachas na nOileán Filipíneach le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí 66
- ★ Cinneadh (CBES) 2022/2440 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí 68
- ★ Cinneadh (CBES) 2022/2441 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES maidir le hoibriocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile 80
- ★ Cinneadh (CBES) 2022/2442 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/151 maidir le gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú le haslonnú daoine fíorleochaileacha áirithe ón Afganastáin 83
- ★ Cinneadh (CBES) 2022/2443 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2010/96/CBES maidir le misean míleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile 84
- ★ Cinneadh (CBES) 2022/2444 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 maidir le misean comhpháirtíochta míleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Níger) 86
- ★ Cinneadh (CBES) 2022/2445 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta sa tSomáil (EUCAP Somalia) 91
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2446 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2201 maidir le ceapachán comhaltaí áirithe agus a gcomhaltaí malartacha den Bhord Bainistithe Líonra agus den Aonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime le haghaidh na bhfeidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta ⁽¹⁾ 93

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

**RIALACHÁN (AE, Euratom) 2022/2434 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 6 Nollaig 2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin
éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 322(1) de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hAirteagal 220 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ (“an Rialachán Airgeadais”), foráiltear go dtugtar de chumhacht don Choimisiún, sa bhunghníomh ábhartha, cistí a fháil ar iasacht thar ceann an Aontais nó Euratom chun na méideanna comhfhreagracha a thabhairt ar aghaidh ar iasacht do na Ballstáit is tairbhithé nó do na tríú tíortha is tairbhithé faoi na coinníollacha is infheidhme maidir leis na hiasachtaí. I ndáil leis sin, déantar na sreafaí airgid idir na cistí a fhaightear ar iasacht agus na hiasachtaí a mheaitseáil ina gceann agus ina gceann. Ciallaíonn sé sin nach mór don Aontas oibríochtaí margaidh a dhéanamh atá bunaithe ar riachtanais eisiocaíochta le haghaidh gach cáis shonraigh ina dtugtar iasachtaí, rud a chuireann teorainn leis an bhféidearthacht oibríochtaí iasachtaíochta éagsúla a phleanáil go comhleanúnach agus struchtúr a chur ar aibíochtaí éagsúla chun na costais is fearr a bhaint amach.
- (2) Cruthaítear costas agus castacht nuair a mhaoinítear cláir cúnaimh airgeadais trí mhodhanna cistiúcháin ar leithligh toisc go mbíonn cláir cúnaimh airgeadais éagsúla in iomaíocht le haghaidh líon teoranta deiseanna cistiúcháin. Leis sin, déantar soláthar urrús fiachas an Aontais a ilroinnt agus laghdaítear leachtacht agus spéis infheisteoirí sna cláir ar leithligh, cé go bhfuil an seasamh ard creidmheasa céanna ag urrúis fiachais uile an Aontais. Ba cheart cúnamh airgeadais a eagrú faoi mhodh cistiúcháin aonair lena gcuirtear le leachtacht bhannaí an Aontais agus le tarraingteacht agus costéifeachtúlacht eisiúint an Aontais.

⁽¹⁾ Tuairim an 22 Samhain 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Samhain 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 6 Nollaig 2022.

⁽³⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

- (3) Cuirtear béim ar an ngá atá le modh cistiúcháin aonair go háirithe i gcomhthéacs na tacaíochta airgeadais don Úcráin i bhfianaise a riachtanas práinneach maoiniúcháin. Léiríodh na míbhuntáistí a bhaineann le cur chuige ilroinnte maidir le fiachas an Aontais a eagrú leis an taithí a fuarthas le déanaí maidir leis na riachtanais chistiúcháin atá ann i ndáil leis an Úcráin. Chun seasamh an Aontais mar eisitheoir fiachais arna sloinneadh in euro a neartú, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí gach eisiúint nua a eagrú trí mhodh cistiúcháin aonair.
- (4) Le Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ⁽⁴⁾, bunaíodh cheana an tsamhail le haghaidh modh cistiúcháin aonair, agus an chuid is mó de ghnéithe an bhonneagair a bhfuil gá leis chun an modh sin a chur chun feidhme, i bhfoirm straitéis cistiúcháin éagsúlaithe. Leis an straitéis sin, éascaíodh slógadh rathúil cistí le haghaidh deontas agus iasachtaí faoi Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ agus raon clár eile de chuid an Aontais dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle ⁽⁶⁾. I bhfianaise na castachta a mheastar a bheidh i gceist leis na hoibríochtaí is gá chun riachtanais phráinneacha maoiniúcháin na hÚcráine a shásamh, agus chun oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe amach anseo a réamh-mheas, is iomchuí straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar an modh cistiúcháin aonair chun oibríochtaí iasachtaíochta a chur chun feidhme.
- (5) Ba cheart a cheadú le húsáid straitéise cistiúcháin éagsúlaithe go ndéanfaí an clár cistiúcháin a chur chun feidhme ar bhealach solúbtha, agus prionsabail na neodrachtas buiséadaí agus an chomhardaithe bhuiséadaigh á n-urramú go hiomlán ag an am céanna mar a leagtar amach in Airteagal 310(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ba cheart gurb ar na tairbhíthe a thitfidh costais an chláir cistiúcháin ina n-iomláine bunaithe ar mhodheolaíocht aonair maidir le leithdháileadh costas lena n-áiríthítear go leithdháiltear na costais ar bhealach trédhearcach comhréireach. Ba cheart é a bheith d'oibleagáid fós ar thairbhíthe an chúnaimh airgeadais na haisíocaíochtaí a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 220(5), pointe (e), den Rialachán Airgeadais.
- (6) Dá gcuirfí straitéis cistiúcháin éagsúlaithe chun feidhme, cheanglófaí go gcloífí le tacar amháin rialacha i leith gach cláir iasachtaíochta agus iasachtaithe a bhíonn ag brath uirthi. Ba cheart, dá bhrí sin, na rialacha sin a chur le rialacha airgeadais cothrománacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, arna ghlacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 CFAE.
- (7) Le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, ba cheart níos mó solúbthachta a bheith ag an gCoimisiún, ar solúbthacht í a bhaineann le huainiú agus aibíocht na n-idirbheart cistiúcháin aonair agus ba cheart eisíocaíochtaí rialta seasta chuig tíortha éagsúla is tairbhíthe a éascú. Ba cheart straitéis den sórt sin a bheith bunaithe ar chomhthiomsú ionstraimí cistiúcháin. Leis sin, thabharfaí solúbthacht don Choimisiún íocaíochtaí leis na tairbhíthe a eagrú go neamhspleách ar dhálaí an mhargaidh tráth na heisíocaíochta, agus sheachnófaí, a mhéid is féidir, an cás ina mbeadh ar an gCoimisiún méideanna socraithe a chruinniú i ndálaí luaineacha nó díobhálacha.
- (8) Chun an tsolúbthacht sin a thabhairt don Choimisiún, bheadh gá le comhthiomsú coiteann leachtachta a chur ar bun. Bheadh acmhainneacht chistiúcháin an Aontais níos athléimní mar thoradh ar fheidhm leachtachta láraithe den sórt sin, agus bheadh sí in ann neamhréireanna sealadacha idir na hinsreafaí agus na heis-sreafaí a sheasamh, bunaithe ar acmhainneacht láidir réamhaisnéise.
- (9) Ba cheart don Choimisiún na hidirbhearta uile is gá a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh láithreach rialta sa mhargadh caipitil a áirithiú, na costais chistiúcháin is fearr a bhaint amach agus idirbhearta urrús fiachais an Aontais agus Euratom a éascú.
- (10) Agus an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe á leathnú chuig raon níos leithe clár, is iomchuí, dá bhrí sin, don Choimisiún na socruithe is gá a bhunú chun í a chur chun feidhme. Ba cheart creat rialachais, nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus modheolaíocht maidir le leithdháileadh costas a bheith sna socruithe sin, agus ba cheart Airteagal 220(5), pointe (e), den Rialachán Airgeadais a urramú leo. Chun an trédhearcacht a áirithiú, ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go tráthrialta agus go cuimsitheach faoi gach gné dá straitéis iasachtaíochta agus bainistithe fiachais.
- (11) Ba cheart, dá bhrí sin, an Rialachán Airgeadais a leasú.

⁽⁴⁾ Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23).

- (12) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus soiléire i leith cúnamh airgeadais a deonaíodh cheana agus i leith cúnamh airgeadais faoi Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +) ⁽⁷⁾, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach maidir le cláir cúnamh airgeadais nua a dtagann a mbunghníomhartha i bhfeidhm an 9 Samhain 2022 nó dá éis sin.
- (13) I bhfianaise na práinne a bhaineann leis na himthosca eisceachtúla atá ann mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar i gcoinne na hÚcráine, meastar gurb íomchuí an eisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótocal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, le CFAE agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, a agairt.
- (14) I bhfianaise na staide san Úcráin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 220, scriostar míreanna 2 agus 7.
- (2) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 220a

Straitéis cistiúcháin éagsúlaithe

1. Seachas i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, cuirfidh an Coimisiún straitéis cistiúcháin éagsúlaithe chun feidhme arb á atá inti oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais chun cláir cúnamh airgeadais a chistiú, agus na hiasachtaí a údaraítear faoi Airteagal 5(1) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle (*). Cuirfear an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe i bhfeidhm trí na hidirbhearta uile is gá lena ndírítear ar láithreach tráthrialta sa mhargadh caipitil, beidh sí bunaithe ar chomhthiomsú ionstraimí cistiúcháin agus leis an straitéis, bainfear úsáid as comhthiomsú coiteann leachtachta.

2. Bunóidh an Coimisiún na socruithe is gá ar mhaithe leis an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a chur chun feidhme. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta agus go cuimsitheach faoi gach gné dá straitéis iasachtaíochta agus bainistithe fiachais.

(*) Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).”

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhme aige maidir le cláir cúnamh airgeadais a dtagann na bunghníomhartha a bhaineann leo i bhfeidhm an 9 Samhain 2022 nó dá éis sin.

(7) Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Nollaig 2022.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
R. METSOLA

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. STANJURA

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2022/2435 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Iúil 2022

maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/1158 ⁽²⁾ ón gComhairle síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar (“an Comhaontú”) an 29 Meitheamh 2022, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.
- (2) I bhfianaise na míshocrachtaí in earnáil iompair na hÚcráine arb é an cogadh foghach a thug an Rúis faoin tír sin is cúis leo, is gá bealaí malartacha de bhóthar a aimsiú don Úcráin chun a cuid stoc gráin, breosla, bia-ábhar agus earraí ábhartha eile a onnmhairiú.
- (3) Ós rud é nach gceadaítear faoi cheadúnais Comhdháil Eorpach na nAirí Iompair ná faoi na comhaontuithe déthaobhacha idir na Ballstáit agus an Úcráin an tsolúbthacht is gá d'oibreoírí tarlaithe de bhóthar na hÚcráine chun a n-oibríochtaí tríd an Aontas agus leis an Aontas a mhéadú agus a phleanáil roimh ré, tá sé rithábhachtach iompar lasta de bhóthar a léirscaoileadh le haghaidh oibríochtaí déthaobhacha agus idirthurais.
- (4) I bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla agus uathúla a thugann gur gá an Comhaontú a shíniú, a chur i bhfeidhm go sealadach agus a thabhairt i gcrích, agus i gcomhréir leis na Conarthaí, is iomchuí don Aontas an inniúlacht roinnte ábhartha atá tugtha dó sna Conarthaí a fheidhmiú go sealadach. Ba cheart aon éifeacht de chuid an Chinnidh seo ar roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit a bheith teoranta go docht ó thaobh ama de. Níor cheart, dá bhrí sin, an inniúlacht arna feidhmiú ag an Aontas ar bhonn an Chinnidh seo agus an Chomhaontaithe a fheidhmiú ach amháin le linn thréimhse chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe. Dá réir sin, scoirfidh an inniúlacht roinnte a fheidhmítear ar an gcaoi sin de bheith á feidhmiú ag an Aontas a luaithe a scoirfidh an Comhaontú d'fheidhm a bheith aige. Gan dochar do bhearta eile de chuid an Aontais, agus faoi réir chomhlíonadh bhearta sin an Aontais, déanfaidh na Ballstáit an inniúlacht sin a fheidhmiú arís, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den Chomhaontú ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i ndiaidh an dáta sin. Thairis sin, meabhraítear, mar a leagtar amach i bPrótacal Uimh. 25 maidir le hinniúlacht roinnte, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le

⁽¹⁾ Toiliú an 10 Samhain 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2022/1158 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2022 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar (IO L 179, 6.7.2022, lch. 1).

CFAE, nach gcumhdaítear le raon feidhme fheidhmiú inniúlacht an Aontais sa Chinneadh seo ach na heilimintí a rialaítear leis an gCinneadh seo agus leis an gComhaontú agus nach gcumhdaítear an réimse go léir leis. Ní dochar feidhmiú inniúlacht an Aontais leis an gCinneadh seo d'inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach i ndáil le haon chaibidlíocht atá ar siúl nó a dhéanfar amach anseo maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a shíniú nó a thabhairt i gcrích le haon tríú tír eile sa réimse sin.

- (5) De bharr chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine tá sé ag dul crua ar go leor tiománaithe ón Úcráin cloí leis na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le doiciméid tiománaí, amhail iarratais ar cheadúnais tiomána idirnáisiúnta nó eisiúint doiciméad nua i gcás a chailítear nó a ghoidítear iad. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt ar na himthosca eisceachtúla sin trí fhoráil a dhéanamh maidir le bearta sonracha lena ndíolmhaítear tiománaithe ón gceanglas ceadúnas tiomána idirnáisiúnta a chur ar fáil, lena dtugtar aitheantas do chinntí arna ndéanamh ag an Úcráin chun bailíocht riaracháin doiciméad tiománaí a shíneadh agus lena n-éascaítear malartú faisnéise idir údaráis inniúla na Páirtithe sa Chomhaontú chun calaois agus brionnú doiciméad tiománaí a chomhrac.
- (6) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, formheastar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar thar ceann an Aontais Eorpaigh. ^(?)

Airteagal 2

1. Beidh feidhmiú inniúlacht an Aontais de bhun an Chinnidh seo agus an Chomhaontaithe teoranta do thréimhse cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe. Gan dochar do bhearta eile de chuid an Aontais, agus faoi réir chomhlíonadh bhearta an Aontais sin, tar éis dheireadh na tréimhse cur i bhfeidhm sin, scoirfidh an tAontas den inniúlacht sin a fheidhmiú agus déanfaidh na Ballstáit a n-inniúlacht a fheidhmiú arís i gcomhréir le hAirteagal 2(2) CFAE.
2. Ní dochar feidhmiú inniúlacht an Aontais de bhun an Chinnidh seo agus an Chomhaontaithe d'inniúlacht na mBallstát in aon chaibidlíocht, síniú nó tabhairt i gcrích atá ar siúl faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann le hiompar earraí de bhóthar le haon tríú tír eile, agus leis an Úcráin i leith na tréimhse ar dá héis a scoirfidh an Comhaontú d'feidhm a bheith aige.
3. Ní chumhdaítear le feidhmiú inniúlacht an Aontais dá dtagraítear i mír 1 ach na heilimintí a rialaítear leis an gCinneadh seo agus leis an gComhaontú.
4. Ní dochar an Cinneadh seo agus an Comhaontú d'inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach i réimse an iompair earraí de bhóthar maidir leis na heilimintí seachas na heilimintí sin a rialaítear leis an gCinneadh seo agus leis an gComhaontú.

Airteagal 3

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 13 den Chomhaontú.

Airteagal 4

Déanfaidh an Coimisiún Eorpach, le cúnamh ó ionadaithe na mBallstát mar bhreathnóirí, ionadaíocht thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh de bhun Airteagal 7 den Chomhaontú.

^(?) Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L 179, 6.7.2022, lch. 4.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Iúil 2022.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. KUPKA

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2436 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Nollaig 2022

lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2017/1770 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1770 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 12(2) agus (6) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 28 Meán Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/1770.
- (2) An 13 Nollaig 2021, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2021/2201 ⁽²⁾ chun éifeacht a thabhairt do Chinneadh (CBES) 2021/2208 ⁽³⁾, lenar leasaíodh Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle ⁽⁴⁾, agus lenar bunaíodh creat nua lena gceadaítear bearta sriantacha breise i gcoinne daoine aonair agus eintitis atá freagrach as síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhailí a chur i mbaol, nó as bac a chur ar aistriú polaitiúil Mhailí a chur i gcrích go rathúil nó as an mbonn a bhaint de chur i gcrích rathúil an aistrithe pholaitiúil sin.
- (3) Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbearta sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, ba cheart na ráitis ar chúiseanna agus an fhaisnéis aitheantais don chúigear a áirítear ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 a leasú.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽¹⁾ IO L 251, 29.9.2017, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/2201 ón gComhairle an 13 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1770 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 446, 14.12.2021, lch. 1).

⁽³⁾ Cinneadh (CBES) 2021/2208 an 13 Nollaig 2021 ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 446, 14.12.2021, lch. 44).

⁽⁴⁾ Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 251, 29.9.2017, lch. 23).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770:

“IARSCRÍBHINN Ia

Liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-einteach agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2b

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	DIAW, Malick	<p>Áit bhreithe: Ségou Dáta breithe: 2.12.1979 Náisiúntacht: Mailfoch Pasuimhir: B0722922 bailí go dtí an 13.8.2018 Inscne: fireann Post: Uachtarán an National Transition Council (orgán reachtach aistriú polaitiúil Mhailí), Coirnéal</p>	<p>Tá Malick Diaw ina bhall lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta. Agus é ina cheann foirne ar an tríú réigiún míleata, is é sin Kati, bhí sé ar dhuine de ghríosóirí agus de cheannairí an <i>coup</i> a rinneadh an 18 Lúnasa 2020, in éineacht leis an Maor-Choirnéal Ismaël Wagué, an Coirnéal Assimi Goïta, an Coirnéal Sadio Camara agus an Coirnéal Modibo Koné.</p> <p>Tá Malick Diaw freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí nó beartais a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol.</p> <p>Is príomhghníomhaí i gcomhthéacs aistriú polaitiúil Mhailí é Malick Diaw freisin agus é ina Uachtarán ar an National Transition Council (CNT), comhlacht reachtach an Aistrithe, ó mhí na Nollag 2020.</p> <p>Níor éirigh le CNT na ‘misiin’ atá cumhdaithe sa Chairt Idirthréimhseach dar dáta an 1 Deireadh Fómhair 2020 (‘Chairt Idirthréimhseach’) agus ba cheart a chríochnú laistigh de 18 mí a chur i gcrích in am trátha, mar is léir ón moill a bhí ar CNT an dréachtbhille toghcháin a fhorghuiniú. Chuidigh an moill sin le moill a chur ar eagrú na dtoghcháin agus, ar an gcaoi sin, moill ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil. Ina theannta sin, leis an mbille nua toghcháin, a ghlac CNT ar deireadh an 17 Meitheamh 2022 agus a foilsíodh in Iris Oifigiúil Phoblacht Mhailí an 24 Meitheamh 2022, ceadaítear don Uachtarán Idirthréimhseach, don Leas-Uachtarán Idirthréimhseach agus do chomhaltaí an Rialtais Idirthréimhsigh a bheith ina n-iarrthóirí sna toghcháin uachtaránachta agus reachtacha, rud atá ag teacht salach ar an gCairt Idirthréimhseach.</p> <p>Ghlac Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS) smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Malick Diaw) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghcháin agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Malick Diaw ag cur bac ar chur i gcrích rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus ag baint an bhoinn den chur i gcrích sin.</p>	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2.	WAGUÉ, Ismaël	<p>Áit bhreithe: Bamako</p> <p>Dáta breithe: 2.3.1975</p> <p>Náisiúntacht: Mailíoch</p> <p>Pasuimhir: pas taidhleoireachta AA0193660 bailí go dtí an 15.2.2023</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Post: An tAire Athmhuintearais, Maor-Choirnéal</p>	<p>Tá an Maor-Choirnéal Ismaël Wagué ina chomhalta lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta, agus bhí sé ar dhuine de ghríosóirí an <i>coup</i> an 18 Lúnasa 2020, in éineacht leis an gCoirnéal Goïta, an Coirnéal Sadio Camara, an Coirnéal Modibo Koné agus an Coirnéal Malick Diaw.</p> <p>An 19 Lúnasa 2020, d'fhógair sé go raibh an t-arm tagtha i gcumhacht, agus bhí sé ansin ina urlabhraí don National Committee for the Salvation of the People (<i>Comité national pour le salut du peuple</i>, CNSP).</p> <p>Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol.</p> <p>Agus é ina Aire Athmhuintearais ar an Rialtas Idirthréimhseach ó mhí Dheireadh Fómhair 2020, tá Ismaël Wagué i gceannas ar Chomhaontú um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí a chur i bhfeidhm. Trína ráiteas i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus trína easaontú gan staonadh le comhaltaí an Permanent Strategic Framework (<i>Cadre Stratégique Permanent</i>, CSP), chuidigh sé le bac a chur ar an Monitoring Committee of the Agreement for Peace and Reconciliation in Mali (<i>Comité de suivi de l'accord</i>, CSA), rud a d'fhág gur cuireadh cruinnithe CSA ar fionraí ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go mí Mheán Fómhair 2022. Chuir an staid sin bac ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe sin, atá ar cheann de “misin” aistriú polaitiúil Mhailí dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Chairt Idirthréimhseach.</p> <p>Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ismaël Wagué) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.</p> <p>Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol, agus tá sé freagrach freisin as bac a chur ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil, agus as an mbonn a bhaint de thabhairt chun críche an aistrithe sin.</p>	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
3.	MAÏGA, Choguel	<p>Áit bhreithe: Tabango, Gao, Mailí</p> <p>Dáta breithe: 31.12.1958</p> <p>Náisiúntacht: Mailíoch</p> <p>Pasuimhir: pas taidhleoireachta DA0004473, a d'eisigh Mailí, víosa Schengen a eisíodh</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Post: An Príomh-Aire</p>	<p>Agus é ina Phríomh-Aire ó mhí an Mheithimh 2021, is é Choguel Maïga atá i gceannas ar Rialtas Idirthrémhseach Mhailí a bunaíodh tar éis <i>coup</i> an 24 Bealtaine 2021.</p> <p>Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh roimhe seo le ECOWAS i gcomhréir leis an gCairt Idirthrémhseach, d'fhógair sé i mí an Mheithimh 2021 atheagrú na National Consultations for Refoundation (<i>Assises nationales de la refondation</i>, ANRanna) mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán a bhí sceidealaithe don 27 Feabhra 2022.</p> <p>Cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta, mar a d'fhógair Choguel Maïga é féin, agus cuireadh moill ar na toghcháin ansin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhagcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthrémhseach amchlár nua lena bhforáiltear go réachtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, rud a cheadaíonn don Rialtas Idirthrémhseach fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. I mí an Mheithimh 2022, chuir an Rialtas Idirthrémhseach clár ama athbhreithnithe faoi bhráid ECOWAS lena bhforáiltear go réachtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, i.e. níos mó ná 2 bhliain tar éis an spriocdháta a leagtar síos sa Chairt Idirthrémhseach.</p> <p>Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthrémhseach (lena n-áirítear Choguel Maïga) i mí na Samhna 2021 mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthrémhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.</p> <p>Ina cháil mar Phríomh-Aire, tá Choguel Maïga freagrach go díreach as na toghcháin dá bhforáiltear sa Chairt Idirthrémhseach a chur siar, agus dá bhrí sin, tá bac á chur aige ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a réachtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin.</p>	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
4.	MAÏGA, Ibrahim Ikassa	<p>Áit bhreithe: Tondibi, réigiún Gao, Mailí</p> <p>Dáta breithe: 5.2.1971</p> <p>Náisiúntacht: Mailíoch</p> <p>Pasuimhir: pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Post: Aire an Athbhunaithe</p>	<p>Tá Ibrahim Ikassa Maïga ina chomhalta de choiste straitéiseach M5-RFP (<i>Mouvement du 5 juin - Rassemblement des forces patriotiques</i>), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita.</p> <p>Ina cháil mar Aire an Athbhunaithe ó mhí an Mheithimh 2021, cuireadh de chúram air na National Consultations for Refoundation (<i>Assises nationales de la Refondation</i>, ANRanna) a phleanáil, a d'fhógair an Príomh-Aire Choguel Maïga.</p> <p>Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le ECOWAS roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna sin mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán atá sceidealaithe don 27 Feabhra 2022.</p> <p>Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhagcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go réachtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, rud a cheadaíonn don Rialtas Idirthréimhseach fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. I mí an Mheithimh 2022, chuir an Rialtas Idirthréimhseach clár ama athbhreithnithe faoi bhráid ECOWAS lena bhforáiltear go réachtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, i.e. níos mó ná 2 bhliain tar éis an spriocdháta a leagtar síos sa Chairt Idirthréimhseach.</p> <p>Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ibrahim Ikassa Maïga) i mí na Samhna 2021, mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.</p> <p>Ina cháil mar Aire an Athbhunaithe, tá bac á chur ag Ibrahim Ikassa Maïga ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a réachtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin.</p>	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
5.	DIARRA, Adama Ben (dá ngairtear freisin Ben Le Cervau)	<p>Áit bhreithe: Kati, Mailí</p> <p>Náisiúntacht: Mailíoch</p> <p>Pasuimhir: pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí, víosa Schengen a eisíodh</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Post: Comhalta den National Transition Council (orgán reachtach aistriú polaitiúil Mhailí)</p>	<p>Tá Adama Ben Diarra, dá ngairtear Camarade Ben Le Cervau, ar dhuine de cheannairí óga M5-RFP (<i>Mouvement du 5 juin-Rassemblement des Forces Patriotiques</i>), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita. Tá Adama Ben Diarra ina cheannaire ar Yéréwolo freisin, an phríomheagraíocht atá ag tacú leis na hÚdaráis Idirthréimhseacha, agus ina chomhalta den National Transitional Council (CNT) ón 3 Nollaig 2021.</p> <p>Níor éirigh le CNT na “misin” atá cumhdaithe sa Chairt Idirthréimhseach dar dáta agus a bhí le críochnú laistigh de 18 mí a chur i gcrích in am trátha, mar is léir ón moill a bhí ar CNT an dréachtbhille toghcháin a fhorhnuinú. Chuidigh an moill sin le moill a chur ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, moill ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil. Ina theannta sin, leis an mbill nua toghcháin, a ghlac CNT ar deireadh an 17 Meitheamh 2022 agus a foilsíodh in Iris Oifigiúil Phoblacht Mhailí an 24 Meitheamh 2022, ceadaítear don Uachtarán Idirthréimhseach agus don Leas-Uachtarán Idirthréimhseach agus do chomhaltaí an Rialtais Idirthréimhsigh a bheith ina n-iarrthóirí sna toghcháin uachtaránachta agus reachtacha, rud atá ag teacht salach ar an gCairt Idirthréimhseach.</p> <p>Bíonn Adama Ben Diarra go gníomhach ag moladh agus ag tacú le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí i rith slógaí polaitiúla agus ar ghréasáin shóisialta, agus é ag rá go bhfuil sé mar aidhm dhiongbháilte ag muintir Mhailí an idirthréimhse 5 bliana a mhol na hÚdaráis Idirthréimhseacha tar éis na National Consultations for Refoundation (<i>Assises nationales de la Refondation</i>, ANRanna).</p> <p>Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le ECOWAS roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán atá sceidealaithe don 27 Feabhra 2022.</p>	4.2.2022.”

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhagcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthrémhseach amchlár nua lena bhforáiltear go réachtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, agus lena gceadaítear do na húdaráis Idirthrémhseacha fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. I mí an Mheithimh 2022, chuir an Rialtas Idirthrémhseach clár ama athbhreithnithe faoi bhráid ECOWAS lena bhforáiltear go réachtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, i.e. níos mó ná 2 bhliain tar éis an spriocdháta a leagtar síos sa Chairt Idirthrémhseach.</p> <p>Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthrémhseach (lena n-áirítear Adama Ben Diarra) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthrémhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.</p> <p>Dá bhrí sin, tá bac á chur ag Adama Ben Diarra ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a réachtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa, agus tríd an mbonn a bhaint de sin.</p>	

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2437 ÓN gCOIMISIÚN**an 9 Nollaig 2022****lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 71(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is galar víreasach tógalach é fiabhras Afracach na muc a bhíonn ar mhuc-ainmhithe atá ar coimeád agus ar mhuc-ainmhithe fiáine agus d’fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.
- (2) Glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún ⁽²⁾ faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429, agus leagtar síos leis bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc atá le cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse theoranta ama ag na Ballstáit a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis (na Ballstáit lena mbaineann), i gcriosanna srianta I, II agus III a liostaítear san Iarscríbhinn sin.
- (3) Na limistéir a liostaítear mar chriosanna srianta I, II agus III in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605, tá siad bunaithe ar staid eipidéimeolaíoch fhiabhras Afracach na muc san Aontas. Is le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2348 ón gCoimisiún ⁽³⁾ a leasaíodh Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 go deireanach tar éis athruithe sa staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann leis an ngalar sin sa Laitvia agus sa tSlóvaic. Ó bhí dáta glactha an Rialacháin Cur Chun Feidhme sin ann, tá athrú tagtha ar an staid eipidéimeolaíoch maidir leis an ngalar sin i mBallstáit áirithe lena mbaineann.
- (4) Aon leasú ar chriosanna srianta I, II agus III in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605, ba cheart iad a bheith bunaithe ar an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann le fiabhras Afracach na muc sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin agus ar staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán fhiabhras Afracach na muc sa Bhallstát lena mbaineann, ar an leibhéal riosca maidir le leathadh breise an ghalair sin, ar phrionsabail agus critéir atá bunaithe ar an eolaíocht i dtaca le criosú a shainiú go geografach mar gheall ar fhiabhras Afracach na muc, agus ar threoirlínte an Aontais a comhaontaíodh leis na Ballstáit ag an mBuainchoiste um Plandaí, Ainmnithe, Bia agus Beatha, treoirlínte atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ⁽⁴⁾. Ina theannta sin, ba cheart caighdeáin idirnáisiúnta a chur san áireamh sna leasuithe sin, caighdeáin amhail Cód um Shláinte na nAinmhithe Talún ⁽⁵⁾ ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe, agus ba cheart an bonn cirt a thug údarais inniúla náisiúnta na mBallstát lena mbaineann leis an gcriosú a chur san áireamh freisin.
- (5) Ó bhí dáta glactha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2348 ann, bhí ráig nua d’fhiabhras Afracach na muc ann i muc-ainmhí fiáin ar coimeád i bPoblacht na Seice.

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2021 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc (IO L 129, 15.4.2021, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2348 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc (IO L 311, 2.12.2022, lch. 97).

⁽⁴⁾ Doiciméad Oibre SANTE/7112/2015/Rev. 3 “Principles and criteria for geographically defining ASF regionalisation [Prionsabail agus critéir chun réigiúnú ASF a shainiú go geografach]”. https://ec.europa.eu/food/animals/animal-diseases/control-measures/asf_en

⁽⁵⁾ OIE Terrestrial Animal Health Code, an 28ú hEagrán, 2021. Imleabhair I agus II ISBN 978-92-95115-40-8; <https://www.woah.org/en/what-we-do/standards/codes-and-manuals/terrestrial-code-online-access/>

- (6) I mí na Nollag 2022, tugadh faoi deara go raibh ráig amháin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhí fiáin i réigiún Liberec i bPoblacht na Seice, i limistéar nach liostaítear faoi láthair in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605. Dá réir sin, an limistéar sin nach liostaítear san Iarscríbhinn sin faoi láthair, ba cheart é a liostú feasta mar chrios srianta II san Iarscríbhinn sin agus an limistéar, ar limistéar é a bhfuil teorainn aige leis an limistéar ina dtugadh an ráig i muc-ainmhí fiáin faoi deara, agus nach bhfuil aon ráig d'fhiabhras Afracach na muc deimhnithe go hoifigiúil i muc-ainmhithe atá ar coimeád ann nó i muc-ainmhithe fiáine ann, ba cheart é a liostú feasta mar chrios srianta I chun an ráig sin a bhí ann lé déanaí a chur san áireamh.
- (7) Tar éis na ráige sin d'fhiabhras Afracach na muc a bhí ann le déanaí i muc-ainmhí fiáin i réigiún Liberec i bPoblacht na Seice, agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair maidir le fiabhras Afracach na muc san Aontas á cur san áireamh, rinneadh an criosú sa Bhallstát sin a athmheasúnú agus a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagail 5, 6 agus 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605. Ina theannta sin, na bearta bainistithe riosca a bhí i bhfeidhm, rinneadh iad a athmheasúnú agus a thabhairt cothrom le dáta freisin. Ba cheart na hathruithe sin a léiriú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605.
- (8) Chun na forbairtí is déanaí i staid eipidéimeolaíoch fhiabhras Afracach na muc san Aontas a chur san áireamh, agus chun dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le leathadh an ghalair sin ar bhealach réamhghníomhach, ba cheart criosanna srianta nua de mhéid leordhóthanach a chríochnú le haghaidh Phoblacht na Seice, agus ba cheart iad a liostú go cuí mar chriosanna srianta I agus II in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605. Ó tharla go bhfuil an staid maidir le fiabhras Afracach na muc an-dinimiciúil san Aontas, cuireadh staid eipidéimeolaíoch na limistéar máguaird san áireamh nuair a bhí na criosanna srianta nua sin á gcríochnú.
- In the district of Prešov: Hrabkov, Krížovany, Žipov, Kvačany, Ondrašovce, Chminianske Jakubovany, Klenov, Bajerov, Bertotovce, Brežany, Bzenov, Fričovce, Hendrichovce, Hermanovce, Chmiňany, Chminianska Nová Ves, Janov, Jarovnice, Kojatice, Lažany, Mikušovce, Ovčie, Rokycany, Sedlice, Suchá Dolina, Svinia, Šindliar, Široké, Štefanovce, Vítaz, Župčany,
- the whole district of Medzilaborce,
- In the district of Stropkov: Havaj, Malá Poľana, Bystrá, Mikové, Varechovce, Vladiča, Staškovce, Makovce, Veľkrop, Solník, Korunková, Bukovce, Krišľovce, Jakušovce, Kolbovce,
- In the district of Svidník: Pstruša,
- In the district of Zvolen: Očová, Zvolen, Sliač, Veľká Lúka, Lukavica, Sielnica, Železná Breznica, Trnie, Turová, Kováčová, Budča, Hronská Breznica, Ostrá Lúka, Bacúrov, Breziny, Podzámčok, Michalková, Zvolenská Slatina, Lieskovec,
- In the district of Banská Bystrica: Sebedín-Bečov, Čerín, Dúbravica, Oravce, Môlča, Horná Mičiná, Dolná Mičiná, Vlkanová, Hronsek, Badín, Horné Pršany, Malachov, Banská Bystrica,
- The whole district of Sobrance except municipalities included in zone II.”

TREORACHA

TREOIR CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2438 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Nollaig 2022

Iena leasaítear Treoir 93/49/CEE agus Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE a mhéid a bhaineann le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais ar ábhar iomadaithe plandaí ornáideacha, ar ábhar iomadaithe plandaí torthaí agus ar phlandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 98/56/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le margú ábhair iomadaithe plandaí ornáideacha ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 5(5) de,

Ag féachaint do Threoir 2008/90/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le margú ábhair iomadaithe plandaí torthaí agus plandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ⁽³⁾ ón gCoimisiún bunaítear liosta de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais, lotnaidí coraintín de chuid criosanna cosanta agus lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais. Leagtar amach ceanglais ann maidir le plandaí áirithe, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach san Aontas agus a aistriú laistigh de, chun teacht isteach, bunú agus scaipeadh na lotnaidí sin i gcíoch an Aontais a chosc.
- (2) Rinneadh leasú le déanaí ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2285 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ chun stádas fiteashláintíochta lotnaidí áirithe a thabhairt cothrom le dáta agus, i gcás inarb iomchuí, na bearta sonracha i gcoinne na lotnaidí sin a leasú. Ar mhaithe le comhsheasmhacht maidir leis na leasuithe a bhaineann leis na lotnaidí sin, ba cheart na gnéithe nua a léiriú freisin i dTreoir 93/49/CEE ón gCoimisiún ⁽⁵⁾ agus i dTreoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE ón gCoimisiún ⁽⁶⁾.
- (3) Liostaíodh *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto i gCuid D d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 i ndáil le hábhar iomadaithe plandaí ornáideacha, mar comhlíonann sé na ceanglais chun bheith liostaithe mar lotnaid neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, tá údar maith leis an lotnaid sin a liostú san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/49/CEE.

⁽¹⁾ IO L 226, 13.8.1998, lch. 16.

⁽²⁾ IO L 267, 8.10.2008, lch. 8.

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2285 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le liostú lotnaidí, toirmeasc agus ceanglas chun plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach san Aontas agus a aistriú laistigh de agus lena n-aisghairtear Cinntí 98/109/CE agus 2002/757/CE agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/885 agus (AE) 2020/1292. (IO L 485, 22.12.2021, lch. 173).

⁽⁵⁾ Treoir 93/49/CEE ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 1993 lena leagtar amach an sceideal ina sonraítear na coinníollacha atá le comhlíonadh ag ábhar iomadaithe plandaí ornáideacha agus plandaí ornáideacha de bhun Threoir 91/682/CEE ón gComhairle (IO L 250, 7.10.1993, lch. 9).

⁽⁶⁾ Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2014 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2008/90/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais shonracha i ndáil le géinis agus speicis plandaí torthaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann léi, ceanglais shonracha a bheidh le comhlíonadh ag soláthróirí agus rialacha mionsonraithe maidir le cigireachtaí oifigiúla (IO L 298, 16.10.2014, lch. 22).

- (4) Liostaíodh *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld i gCodanna D agus J d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 i ndáil le hábhar iomadaithe plandaí ornáideacha agus ábhar iomadaithe plandaí torthaí agus plandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí faoi seach, mar comhlíonann sé na ceanglais chun bheith liostaithe mar lotnaid neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, tá údar maith leis an lotnaid sin a liostú san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/49/CEE agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE.
- (5) Is gá freisin bearta a áireamh i dTreoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE i gcoinne *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld a bheith ar phlandaí áirithe le haghaidh plandú a úsáidtear mar ábhar iomadaithe plandaí torthaí agus mar phlandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí.
- (6) Liostaíodh *Candidatus Phytoplasma australiense* Davis *et al.* mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 agus baineadh den liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin é. Dá bhrí sin, ba cheart an lotnaid sin a bhaint den liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE agus ba cheart í a bhaint d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin i ndáil le hábhar iomadaithe plandaí torthaí agus le plandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí *Fragaria* L.
- (7) I dTreoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE, leagtar amach an ceanglas go bhfuil ábhar réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe agus *Conformitas Agraria Communitatis* (CAC) saor ó na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I agus II a ghabhann leis an Treoir sin, agus faoi réir cheanglais Iarscríbhinn IV, trí amharc-chigireacht sna saoráidí, sna páirceanna agus sna luchtóga, a mhéid a bhaineann leis an ngéineas nó leis an speiceas lena mbaineann.
- (8) Chun comhsheasmhacht le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a áirithiú a mhéid a bhaineann leis na limistéir a shuítear a bheith saor ó lotnaidí, ba cheart eisceacht ón gceanglas maidir le hamharc-chigireacht, sampláil agus tástáil a dhéanamh ar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe agus CAC a thabhairt isteach i dTreoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE.
- (9) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/925 ón gCoimisiún (⁷), údaraíodh Ballstáit áirithe, ar bhonn sealadach, le hábhar réamhbhunúsach a dheimhniú a bhaineann le speicis áirithe plandaí torthaí agus a tháirgtear sa pháirc oscailte faoi dhálaí nach bhfuil feithid-díonach. Chuaigh an t-údarú a tugadh don Fhrainc ina leith sin in éag an 31 Nollaig 2018. Dá bhrí sin, an chuid "Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, an láthair táirgthe nó limistéar" i gCuid 4 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE, i ndáil le hábhair réamhbhunúsacha *Cydonia oblonga* Mill., ba cheart an chuid sin a scriosadh chun a léiriú go ndeachaigh bailíocht an údaráithe sin in éag.
- (10) Ó glacadh Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE, léirigh taithí na mBallstát, maidir leis na bearta i gcoinne *Candidatus Phytoplasma pyri* Seemüller & Schneider chun luchtóga iomlána d'ábhar iomadaithe plandaí torthaí agus plandaí torthaí a dhícháiliú ó bheith á margú nuair a bhraitear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí siomptómacha sa láithreán táirgthe, go bhfuil na bearta sin neamhréireach leis an riosca fiteashláintíochta faoi seach. Ba cheart Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE a leasú chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na bearta athbhreithnithe bainistithe riosca i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 i gcoinne *Candidatus Phytoplasma pyri* Seemüller & Schneider. Ba cheart aon ábhar iomadaithe siomptómach agus plandaí torthaí siomptómacha a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach.
- (11) I gcomhréir le hAirteagal 32 de Threoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE, ceadaítear do na Ballstáit margú ábhair iomadaithe agus plandaí torthaí a thairgtear ó mháthairphlandaí réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe nó ó ábhar CAC a bhí ann roimh an 1 Eanáir 2017 a údarú ina gcríoch féin, go dtí an 31 Nollaig 2022, fiú amháin mura gcomhlíonann an t-ábhar sin ná na plandaí torthaí sin ceanglais na Treorach Cur Chun Feidhme sin. Léirigh taithí na mBallstát maidir leis an reachtaíocht a chur chun feidhme nach gcumhdaítear deimhniú síolta agus síológ i raon scéim deimhniúcháin an Aontais maidir le hábhar iomadaithe agus plandaí torthaí. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na bearta idirthrémhseacha atá ann faoi láthair maidir le síolta agus síológa a tháirgeadh, agus maidir leis sin amháin, mar gheall ar an am is gá chun na hábhair sin a oiriúnú do cheanglais na Treorach sin. Chun aon chur isteach ar thrádáil na n-ábhar sin a sheachaint, ba cheart síneadh a chur leis an dáta sin go dtí an 31 Nollaig 2029.

⁷ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/925 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2017 lena n-údaraítear Ballstáit áirithe, ar bhonn sealadach, le hábhar réamhbhunúsach a dheimhniú a bhaineann le speicis áirithe plandaí torthaí agus a tháirgtear sa pháirc faoi dhálaí nach bhfuil feithid-díonach, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/167 (IO L 140, 31.5.2017, lch. 7).

- (12) Ba cheart ainm luibheolaíoch *Prunus amygdalus* Batsch a athrú go *Prunus dulcis* (Mill.) D. A. Webb chun forbairtí in ainmníocht tacsanomaíoch a chur san áireamh.
- (13) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 93/49/CEE agus Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE a leasú faoi seach.
- (14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Threoir 93/49/CEE

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/49/CEE i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 2

Leasuithe ar Threoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE

Leasaítear Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE mar a leanas:

- (1) In Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis an méid a leanas:

- (a) máthairphlandaí réamhbhunúsacha agus ábhar réamhbhunúsach le linn a gcríochaomhnaithe;
- (b) ábhar réamhbhunúsach i gcás inar táirgeadh an t-ábhar i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó na lotnaidí ábhartha i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha maidir le bearta fiteashláintíochta, nó i limistéir a shuítear a bheith mar sin (Ceanglais maidir le limistéir saor ó lotnaidí a bhunú. CIBF Uimh. 4 (1995), An Róimh, IPPC, FAO 2017).”;

- (2) In Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis an méid a leanas:

- (a) máthairphlandaí bunúsacha agus ábhar bunúsach le linn a gcríochaomhnaithe;
- (b) ábhar bunúsach i gcás inar táirgeadh an t-ábhar i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó na lotnaidí ábhartha i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha maidir le bearta fiteashláintíochta, nó i limistéir a shuítear a bheith mar sin (Ceanglais maidir le limistéir saor ó lotnaidí a bhunú. CIBF Uimh. 4 (1995), An Róimh, IPPC, FAO 2017).”;

- (3) In Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis an méid a leanas:

- (a) máthairphlandaí deimhnithe agus ábhar deimhnithe le linn a gcríochaomhnaithe;
- (b) ábhar deimhnithe i gcás inar táirgeadh an t-ábhar i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó na lotnaidí ábhartha i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha maidir le bearta fiteashláintíochta, nó i limistéir a shuítear a bheith mar sin (Ceanglais maidir le limistéir saor ó lotnaidí a bhunú. CIBF Uimh. 4 (1995), An Róimh, IPPC, FAO 2017).”;

- (4) In Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis an méid a leanas:

- (a) ábhar CAC le linn a chríochaomhnaithe;
- (b) ábhar CAC i gcás inar táirgeadh an t-ábhar i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó na lotnaidí ábhartha i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha maidir le bearta fiteashláintíochta, nó i limistéir a shuítear a bheith mar sin (Ceanglais maidir le limistéir saor ó lotnaidí a bhunú. CIBF Uimh. 4 (1995), An Róimh, IPPC, FAO 2017).”;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 32:

“Airteagal 32

Bearta idirthréimhseacha

I gcás síolta agus síológa arna dtáirgeadh as máthairphlandaí réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe nó as ábhar CAC a bhí ann roimh an 1 Eanáir 2017, agus atá deimhnithe go hoifigiúil nó a chomhlíonann na coinníollacha le bheith deimhnithe mar ábhar CAC roimh an 31 Nollaig 2029, féadfaidh na Ballstáit margú na síolta agus na síológ sin a cheadú go dtí an 31 Nollaig 2029. Nuair a dhéantar iad a mhargú, sainaitheofar na hábhair sin le tagairt don Airteagal seo ar an lipéad, agus le doiciméad.”;

(6) Leasaítear Iarscríbhinní I, II, IV agus V i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 3

Trasú

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2023 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhforálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasuithe ar Threoir 93/49/CEE

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/49/CEE mar a leanas:

- (1) idir an iontráil maidir le “*Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow *et al.* [ERWIAM]” agus an iontráil maidir le “*Pseudomonas syringae* pv. *persicae* (Prunier, Luisetti & Gardan) Young, Dye & Wilkie [PSDMPE]”, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

“ <i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto [PSDMAK]	Plandaí le haghaidh plandú seachas síolta <i>Actinidia</i> Lindl.	0%
---	--	----

- (2) idir an iontráil maidir le “*Lecanosticta acicola* (von Thümen) Sydow [SCIRAC]” agus an iontráil maidir le “*Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni [PLASHA]”, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

“ <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld [PHYTRA]	Plandaí le haghaidh plandú seachas pailín agus síolta <i>Camellia</i> L., <i>Castanea sativa</i> Mill., <i>Fraxinus excelsior</i> L., <i>Larix decidua</i> Mill., <i>Larix kaempferi</i> (Lamb.) Carrière, <i>Larix × eurolepis</i> A. Henry, <i>Pseudotsuga menziesii</i> (Mirb.) Franco, <i>Quercus cerris</i> L., <i>Quercus ilex</i> L., <i>Quercus rubra</i> L., <i>Rhododendron</i> L. seachas <i>R. simsii</i> L., <i>Viburnum</i> L.	0 %
--	---	-----

IARSCRÍBHINN II

Leasuithe ar Threoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE

Leasaítear Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, san iontráil maidir le “*Fragaria L.*”, sa dara colún, scriostar an iontráil “*Candidatus Phytoplasma australiense* Davis *et al.* [PHYPAU]”;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) idir ceannteidil cholúin an tábla agus an iontráil maidir le “*Citrus L.*, *Fortunella Swingle* agus *Poncirus Raf.*”, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

<i>Castanea sativa</i> Mill.	Fungais agus úimicéití <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld [PHYTRA]”
------------------------------	---

(b) san iontráil maidir le “*Vaccinium L.*”, sa dara colún, roimh an téacs “*Víris*, víoróidigh, galair dár tréithe víreas agus fíteaplasmaí”, cuirtear isteach an téacs seo a leanas:

“Fungais agus úimicéití

Phytophthora ramorum (aonraigh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld [PHYTRA]”;

(3) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) Leasaítear Roinn 1 “*Castanea sativa* Mill.” mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) “Catagóir réamhbhunúsach”, phointe (c) “Catagóir bhunúsach” agus phointe (d) “Catagóirí deimhnithe agus CAC”;

“(b) Catagóir réamhbhunúsach

Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar

Sa chás go gceadaítear do mhaolú chun ábhar réamhbhunúsach a tháirgeadh sa pháirc faoi dhálaí nach bhfuil feithid-díonach de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/925 (*) ón gCoimisiún, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas:

(i) *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr:

— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir réamhbhunúsach i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Cryphonectria parasitica* (Murrill) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fiteashláintíochta; nó

— ní aimseofar aon siomptóim de *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir réamhbhunúsach ag an láithreán táirgthe ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí.

(ii) *Phytophthora ramorum* (aonraigh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld:

— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir réamhbhunúsach i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraigh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fiteashláintíochta; nó

— ní aimseofar aon siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraigh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir réamhbhunúsach ag an láithreán táirgthe ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí.

(c) Catagóir bhunúsach

Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar

(i) *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr:

- táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir bhunúsach i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Cryphonectria parasitica* (Murrill) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó
- ní aimseofar aon siomptóim de *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir bhunúsach ag an láithreán táirgthe ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí.

(ii) *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld:

- táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir bhunúsach i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó
- ní aimseofar aon siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir bhunúsach ag an láithreán táirgthe ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí.

(d) Catagóirí deimhnithe agus CAC

Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar

(i) *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr:

- táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de na catagóirí deimhnithe agus CAC i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Cryphonectria parasitica* (Murrill) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó
- ní aimseofar aon siomptóm de *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr ag an láithreán táirgthe ar ábhar iomadaithe na ar phlandaí torthaí de na catagóirí deimhnithe agus CAC ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí; nó
- déanfar ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de na catagóirí deimhnithe agus CAC a léiríonn siomptóim de *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr a bhaint amach ón bhfréamh; déanfar cigireacht sheachtainiúil ar an ábhar iomadaithe agus na plandaí torthaí atá fágtha agus ní aimseofar aon siomptóm ag an láithreán táirgthe ar feadh 3 seachtaine ar a laghad sula seolfar iad.

(ii) *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld:

- táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de na catagóirí deimhnithe agus CAC i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó
- ní aimseofar aon siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar ábhar iomadaithe agus ar phlandaí torthaí de na catagóirí deimhnithe agus CAC ag an láithreán táirgthe ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí;

nó

—

- ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de na catagóirí deimhnithe agus CAC a léiríonn siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man ag an láithreán táirgthe agus gach planda laistigh de raon 2 m ón ábhar iomadaithe siomptómach agus na plandaí torthaí siomptómacha, déanfar iad sin a bhaint amach ón bhfréamh agus a scriosadh, lena n-áirítear ithir atá greamaithe leis;

agus

- I gcás gach planda atá lonnaithe laistigh de raon 10 m ó ábhar iomadaithe siomptómach agus de phlandaí torthaí siomptómacha agus aon ábhar iomadaithe agus aon phlanda torthaí atá fágtha ón mbaisc atá buailte:
 - laistigh de 3 mhí tar éis ábhar iomadaithe siomptómach agus plandaí torthaí siomptómach a bhrath, ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld: ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin in dhá chigireacht ar a laghad ag amanna iomchuí chun an lotnaid a bhrath agus le linn na tréimhse 3 mhí sin, ní dhéanfar aon chóireáil chun siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld a chosc; agus
 - tar éis na tréimhse 3 mhí sin:
 - ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin ag an láithreán táirgthe; nó
 - déanfar tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar iomadaithe sin agus na plandaí torthaí sin atá le bogadh agus aimseofar go mbeidh sé saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld; agus
- agus
- maidir le gach ábhar iomadaithe eile agus gach planda torthaí eile ag an láithreán táirgthe:
 - ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin ag an láithreán táirgthe; nó
 - rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar iomadaithe sin agus de na plandaí torthaí sin atá le bogadh agus aimsíodh go raibh sé saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld.

(*) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/925 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2017 lena n-údaraitear Ballstáit áirithe, ar bhonn sealadach, le hábhar réamhbhunúsach a dheimhniú a bhaineann le speicis áirithe plandaí torthaí agus a tháirgtear sa pháirc faoi dhálaí nach bhfuil feithid-díonach, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/167 (IO L 140, 31.5.2017, lch. 7)";

- (b) i Roinn 4 "*Cydonia oblonga* Mill.", pointe (b) "Catagóir réamhbhunúsach", scriostar an chuid "Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar";
- (c) i Roinn 6, scriostar "*Fragaria* L." pointe (d) "Catagóir deimhnithe", "Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar", pointe (iii), an fleasc "1 % i gcás:", an iontráil "*Candidatus Phytoplasma australiense* Davis et al.";
- (d) Leasaítear Roinn 8 "*Malus* Mill." mar a leanas:
 - (i) i bpointe (c) "Catagóir bhunúsach", cuirtear an roinn seo a leanas leis:

"Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar

- (i) *Candidatus Phytoplasma mali* Seemüller & Schneider

- táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir bhunúsach i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó *Candidatus Phytoplasma mali* Seemüller & Schneider; nó
- ní aimseofar aon siomptóm de *Candidatus Phytoplasma mali* Seemüller & Schneider ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir bhunúsach ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus déanfar aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar láithreán táirgthe na bplandaí a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach;

(ii) *Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow et al.

- táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir bhunúsach i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó *Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow et al.; nó
- déanfar cigireacht ar ábhar iomadaithe agus ar phlandaí torthaí den chatagóir bhunúsach ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus déanfar aon ábhar iomadaithe agus aon phlanda torthaí a léiríonn siomptóim de *Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow et al. agus aon phlanda óstaigh a bhaint amach ón bhfréamh agus a scriosadh láithreach.”;

(ii) i bpointe (d) “Catagóir dheimhnithe”, cuirtear an roinn seo a leanas leis:

“Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar

(i) *Candidatus Phytoplasma mali* Seemüller & Schneider

- táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir dheimhnithe i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó *Candidatus Phytoplasma mali* Seemüller & Schneider; nó
- ní aimseofar aon siomptóm de *Candidatus Phytoplasma mali* Seemüller & Schneider ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir dheimhnithe ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus déanfar aon phlanda siomptómach i bhfíorchongar láithreán táirgthe na bplandaí a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach; nó
- ní aimseofar siomptóim de *Candidatus Phytoplasma mali* Seemüller & Schneider ar chéatadán is mó ná 2 % d’ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir dheimhnithe ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus déanfar aon phlanda siomptómach i bhfíorchongar láithreán táirgthe na bplandaí a bhaint amach ón bhfréamh agus a scriosadh láithreach, agus rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar iomadaithe agus de na plandaí torthaí atá fágtha sna luchtóga, luchtóga inar aimsíodh ábhar iomadaithe siomptómach agus plandaí torthaí siomptómacha, agus aimsíodh go raibh an sampla saor ó *Candidatus Phytoplasma mali* Seemüller & Schneider;

(ii) *Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow et al.

- táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir dheimhnithe i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó *Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow et al.; nó
- déanfar cigireacht ar ábhar iomadaithe agus ar phlandaí torthaí den chatagóir dheimhnithe ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus déanfar aon ábhar iomadaithe agus aon phlanda torthaí a léiríonn siomptóim de *Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow et al. agus aon phlanda óstaigh a bhaint amach ón bhfréamh agus a scriosadh láithreach.”;

(iii) scriostar pointe (e) “Catagóirí bunúsacha agus deimhnithe”;

(e) Leasaítear Roinn 12 “*Pyrus L*” mar a leanas:

(i) i bpointe (b) “Catagóir réamhbhunúsach”, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i) “*Candidatus Phytoplasma pyri* Seemüller & Schneider” den roinn “Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar”:

- ttáirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir réamhbhunúsach i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Candidatus Phytoplasma pyri* Seemüller & Schneider i gcomhréir leis na Caihdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fiteashláintíochta; nó
- ní aimseofar aon siomptóm de *Candidatus Phytoplasma pyri* Seemüller & Schneider ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir réamhbhunúsach ag an láithreán táirgthe le linn na dtrí shéasúr fáis is déanaí, agus déanfar aon phlanda siomptómach i bhfíorchongar láithreán táirgthe na bplandaí a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach.”;

- (ii) i bpointe (e) “Catagóirí bunúsacha agus deimhnithe”, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i) “*Candidatus Phytoplasma pyri* Seemüller & Schneider” den roinn “Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar”:

- táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir bhunúsach agus den chatagóir dheimhnithe i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Candidatus Phytoplasma pyri* Seemüller & Schneider i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó
- ní aimseofar aon siomptóm de *Candidatus Phytoplasma pyri* Seemüller & Schneider ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí de na catagóirí bunúsacha agus deimhnithe ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus déanfar aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar láithreán táirgthe na bplandaí a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach; nó
- ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de na catagóirí bunúsacha agus deimhnithe ag an láithreán táirgthe agus aon phlanda i bhfíorchóngar láithreán táirgthe na bplandaí, a léirigh siomptóim de *Candidatus Phytoplasma pyri* Seemüller & Schneider le linn amharc-chigireachtaí ag tráthanna iomchuí le linn na dtrí shéasúr fáis is déanaí, déanfar iad sin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach.”;

- (iii) i bpointe (f) “Catagóir CAC”, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i) “*Candidatus Phytoplasma pyri* Seemüller & Schneider” den roinn “Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar”:

- táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de chatagóir CAC i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Candidatus Phytoplasma pyri* Seemüller & Schneider i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó
- ní aimseofar aon siomptóm de *Candidatus Phytoplasma pyri* Seemüller & Schneider ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí de chatagóir CAC ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus déanfar aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar láithreán táirgthe na bplandaí a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach; nó
- ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de chatagóir CAC ag an láithreán táirgthe agus aon phlanda eile i bhfíorchóngar láithreán táirgthe na bplandaí, a léirigh siomptóim de *Candidatus Phytoplasma pyri* Seemüller & Schneider le linn amharc-chigireachtaí ag tráthanna iomchuí le linn na dtrí shéasúr fáis is déanaí, déanfar iad sin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach.”;

- (f) Leasaítear Roinn 15 “*Vaccinium* L” mar a leanas:

- (i) i bpointe (b) “Catagóir bhunúsach” sa roinn “Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar”, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(iv) *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld:

- táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir bhunúsach i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó
- ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir bhunúsach ag an láithreán táirgthe ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí.”;

(ii) i bpointe (d) “Catagóir dheimhnithe” sa roinn “Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar”, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(iii) *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld:

- táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir dheimhnithe i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó
- ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir dheimhnithe ag an láithreán táirgthe ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí;

nó

—

- ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir dheimhnithe a léiríonn siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man ag an láithreán táirgthe agus gach planda laistigh de raon 2 m ón ábhar iomadaithe siomptómach agus ó na plandaí torthaí siomptómacha, déanfar iad sin a bhaint amach ón bhfréamh agus a scriosadh, lena n-áirítear ithir atá greamaithe leis;

agus

- I gcás gach planda atá lonnaithe laistigh de raon 10 m ó ábhar iomadaithe siomptómach agus de phlandaí torthaí siomptómacha agus aon ábhar iomadaithe agus aon phlanda torthaí atá fágtha ón mbaisc atá buailte:

- laistigh de 3 mhí tar éis ábhar iomadaithe siomptómach agus plandaí torthaí siomptómach a bhrath, ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld: ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin in dhá chigireacht ar a laghad ag amanna iomchuí chun an lotnaid a bhrath agus le linn na tréimhse 3 mhí sin, ní dhéanfar aon chóireáil chun siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld a chosc; agus

- tar éis na tréimhse 3 mhí sin:

- ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin ag an láithreán táirgthe; nó

- rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar iomadaithe sin agus de na plandaí torthaí sin atá le bogadh agus aimsíodh go raibh siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld;

agus

—

- maidir le gach ábhar iomadaithe eile agus gach planda torthaí eile ag an láithreán táirgthe:

- ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin ag an láithreán táirgthe; nó

- rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar iomadaithe sin agus de na plandaí torthaí sin atá le bogadh agus aimsíodh go raibh siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld.”;

(iii) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(e) Catagóir CAC

Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar

- *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld:

- táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de chatagóir CAC i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó
- ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí de chatagóir CAC ag an láithreán táirgthe ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí;

nó

- ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de chatagóir CAC a léiríonn siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man ag an láithreán táirgthe agus gach planda laistigh de raon 2 m ón ábhar iomadaithe siomptómach agus ó na plandaí torthaí siomptómacha, déanfar iad sin a bhaint amach ón bhfréamh agus a scriosadh, lena n-áirítear ithir atá greamaithe leis; agus
- i gcás gach planda atá lonnaithe laistigh de raon 10 m ó ábhar iomadaithe siomptómach agus de phlandaí torthaí siomptómacha agus aon ábhar iomadaithe agus aon phlanda torthaí atá fágtha ón mbaisc atá buailte:
 - laistigh de 3 mhí tar éis ábhar iomadaithe siomptómach agus plandaí torthaí siomptómach a bhrath, ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld: ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin in dhá chigireacht ar a laghad ag amanna iomchuí chun an lotnaid a bhrath agus le linn na tréimhse 3 mhí sin, ní dhéanfar aon chóireáil chun siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld a chosc; agus tar éis na tréimhse 3 mhí sin:
 - ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin ag an láithreán táirgthe; nó
 - rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar iomadaithe sin agus de na plandaí torthaí sin atá le bogadh agus aimsíodh go raibh siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld;

agus

- maidir le gach ábhar iomadaithe eile agus gach planda torthaí eile ag an láithreán táirgthe:
 - ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin ag an láithreán táirgthe; nó
 - rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar iomadaithe sin agus de na plandaí torthaí sin atá le bogadh agus aimsíodh go raibh siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld.”;

(4) in Iarscríbhinn V cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró “*Prunus amygdalus*, *P. armeniaca*, *P. domestica*, *P. persica* agus *P. salicina*”:

“*Prunus armeniaca* L., *Prunus domestica* L., *Prunus dulcis* (Mill.) D. A. Webb, *Prunus persica* (L.) Batsch agus *Prunus salicina* Lindl.”.

CINNÍ

CINNEADH (AE) 2022/2439 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Nollaig 2022

Iena n-údaráitear do na Ballstáit, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach, glacadh le haontachas na nOileán Filipíneach le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(3) i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (b), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá sé socraithe ag an Aontas gur ceann dá chuspóirí é cearta an linbh a chur chun cinn, mar a luaitear in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Is cuid riachtanach den bheartas sin iad bearta chun leanaí a chosaint ar aistriú éagórach nó ar choinneáil éagórach.
- (2) Ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2019/1111 ⁽²⁾ (“Rialachán IIb na Bruiséile”), a bhfuil sé d’aidhm aige leanaí a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha de dheasca aistrithe éagóracha nó coinneáil éagórach agus nósanna imeachta a bhunú chun a áirithiú go dtugtar leanaí ar ais go pras go dtí an Stát ina bhfuil gnáthchónaí orthu, agus chun cosaint na gceart rochtana agus na gceart coimeáda a áirithiú chomh maith.
- (3) Le Rialachán IIb na Bruiséile, comhlánaítear agus treisítear Coinbhinsiún na Háige an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí (“Coinbhinsiún na Háige 1980”) lena mbunaítear, ar an leibhéal idirnáisiúnta, córas oibleagáidí agus comhair idir Stáit Chonarthaigh agus idir údarais lárnacha agus go bhfuil sé mar aidhm aige a áirithiú go ndéanfar leanaí a aistriodh nó a coinníodh go héagórach a thabhairt ar ais go pras.
- (4) Is páirtithe iad na Ballstáit uile i gCoinbhinsiún na Háige 1980.
- (5) Molann an tAontas do thríú stáit aontú le Coinbhinsiún na Háige 1980 agus tacaíonn sé le cur chun feidhme ceart Choinbhinsiún na Háige 1980 trí pháirt a ghlacadh, in éineacht leis na Ballstáit, *inter alia*, sna coimisiúin speisialta arna n-eagrú ar bhonn rialta ag Comhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta.
- (6) D’fhéadfadh sé gur chreat coiteann dlíthiúil infheidhme idir Ballstáit agus tríú stáit é an réiteach is fearr ar chásanna iogaire a bhaineann le fuadaigh idirnáisiúnta leanaí.
- (7) Sonraítear i gCoinbhinsiún na Háige 1980 go mbeidh feidhm ag an gCoinbhinsiún idir an Stát aontach agus na Stáit Chonarthaigh sin a mbeidh sé dearbhaithe acu go nglacann siad leis an aontachas.
- (8) Le Coinbhinsiún na Háige 1980 ní cheadaítear d’eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíoch, amhail an tAontas, a bheith ina bpáirtithe ann. Dá bhrí sin, ní féidir leis an Aontas aontú le Coinbhinsiún na Háige 1980, ná ní féidir leis dearbhú glactha a thaisceadh i ndáil le Stát aontach ach oiread.
- (9) De réir Thuairim 1/13 ó Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ⁽³⁾, is faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais a thagann dearbhuithe glactha faoi Choinbhinsiún na Háige 1980.

⁽¹⁾ IO C 224, 8.6.2022, lch. 159.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2019/1111 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2019 maidir le dlínse, maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus sna hábhair maidir le freagracht tuismitheora, agus maidir le fuadach idirnáisiúnta leanaí (IO L 178, 2.7.2019, lch. 1).

⁽³⁾ ECLI:EU:C:2014:2303.

- (10) Rinne na hOileáin Philipíneacha a n-ionstraim aontachais le Coinbhinsiún na Háige 1980 a thaisceadh an 16 Márta 2016. Tháinig Coinbhinsiún na Háige 1980 i bhfeidhm do na hOileáin Philipíneacha an 1 Meitheamh 2016.
- (11) Ba é ba chonclúid do mheasúnú ar an staid sna hOileáin Philipíneacha go bhfuil na Ballstáit in ann, ar mhaithe leis an Aontas, glacadh le haontachas na nOileán Filipíneach faoi théarmaí Choinbhinsiún na Háige 1980.
- (12) Ba cheart, dá bhrí sin, na Ballstáit a údarú a ndearbhú glactha le haontachas na nOileán Filipíneach a thaisceadh, ar mhaithe leis an Aontas i gcomhréir leis na téarmaí a leagtar amach sa Chinneadh seo.
- (13) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán IIb na Buiséile agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.
- (14) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Údaraítear leis seo do na Ballstáit glacadh le haontachas na nOileán Filipíneach le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar mhaithe leis an Aontas.
2. Déanfaidh na Ballstáit, tráth nach déanaí ná an 9 Nollaig 2023, dearbhú glactha a thaisceadh maidir le haontachas na nOileán Filipíneach le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar mhaithe leis an Aontas, agus an fhocláíocht seo a leanas ann:
“Dearbhaíonn [ainm iomlán AN BHALLSTÁIT] go nglacann sé le haontachas na nOileán Filipíneach le Coinbhinsiún na Háige an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/2439 ón gComhairle”.
3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Chomhairle agus don Choimisiún maidir lena ndearbhuithe glactha i ndáil le haontachas na nOileán Filipíneach a thaisceadh agus cuirfidh na Ballstáit téacs na ndearbhuithe sin in iúl don Choimisiún laistigh de 2 mhí tar éis iad a thaisceadh.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. RAKUŠAN

CINNEADH (CBES) 2022/2440 ÓN gCOMHAIRLE**an 12 Nollaig 2022****lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 28 Meán Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/1775 ⁽¹⁾.
- (2) An 13 Nollaig 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/2208 ⁽²⁾, lenar bunaíodh creat nua lena gceadaítear bearta sriantacha breise i gcoinne daoine aonair agus eintitis atá freagrach as síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhailí a chur i mbaol, nó as bac a chur ar aistriú polaitiúil Mhailí a chur i gcrích go rathúil nó an bonn a bhaint de chur i gcrích rathúil an aistrithe pholaitiúil sin.
- (3) Ar bhonn athbhreithniú ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1a(1), agus in Airteagal 2a, (1) agus (2), de Chinneadh (CBES) 2017/1775, ba cheart na bearta sriantacha a athnuachan go dtí an 14 Nollaig 2023, agus ba cheart na ráitis ar chúiseanna agus an fhaisnéis aitheantais don chúigear a áirítear ar liostaí na ndaoine nádúrtha agus ar liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 a leasú.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2017/1775 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 6(2), sa chéad abairt, cuirtear “14 Nollaig 2022” in ionad an dáta “14 Nollaig 2023”;
- (2) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

⁽¹⁾ Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 251, 29.9.2017, lch. 23).

⁽²⁾ Cinneadh (CBES) 2021/2208 an 13 Nollaig 2021 ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 446, 14.12.2021, lch. 44).

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775:

“IARSCRÍBHINN II

A. Liosta na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 1a(1)

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	DIAW, Malick	<p>Áit bhreithe: Ségou Dáta breithe: 2.12.1979</p> <p>Náisiúntacht: Mailíoch</p> <p>Pasuimhir: B0722922 bailí go dtí an 13.8.2018</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Post: Uachtarán an National Transition Council (orgán reachtach aistriú polaitiúil Mhailí), Coirnéal</p>	<p>Tá Malick Diaw ina bhall lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta. Agus é ina cheann foirne ar an tríú réigiún míleata, is é sin Kati, bhí sé ar dhuine de ghríosóirí agus de cheannairí an <i>coup</i> a rinneadh an 18 Lúnasa 2020, in éineacht leis an Maor-Choirnéal Ismaël Wagué, an Coirnéal Assimi Goïta, an Coirnéal Sadio Camara agus an Coirnéal Modibo Koné.</p> <p>Tá Malick Diaw freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí nó beartais a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol.</p> <p>Is príomhghníomhaí i gcomhthéacs aistriú polaitiúil Mhailí é Malick Diaw freisin agus é ina Uachtarán ar an National Transition Council (CNT), comhlacht reachtach an Aistrithe, ó mhí na Nollag 2020.</p> <p>Níor éirigh le CNT na “misin” atá cumhdaithe sa Chairt Idirthréimhseach dar dáta an 1 Deireadh Fómhair 2020 (“Cairt Idirthréimhseach”) agus ba cheart a chríochnú laistigh de 18 mí a chur i gcrích in am trátha, mar is léir ón moill a bhí ar CNT an dréachtbhille toghcháin a fhormhuiniú. Chuidigh an moill sin le moill a chur ar eagrú na dtoghcháin agus, ar an gcaoi sin, moill ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil. Ina theannta sin, leis an mbille nua toghcháin, a ghlac CNT ar deireadh an 17 Meitheamh 2022 agus a foilsíodh in Iris Oifigiúil Phoblacht Mhailí an 24 Meitheamh 2022, ceadaítear don Uachtarán Idirthréimhseach, don Leas-Uachtarán Idirthréimhseach agus do chomhaltaí an Rialtais Idirthréimhsigh a bheith ina n-iarrthóirí sna toghcháin uachtaránachta agus reachtacha, rud atá ag teacht salach ar an gCairt Idirthréimhseach.</p> <p>Ghlac Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS) smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Malick Diaw) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghcháin agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Malick Diaw ag cur bac ar chur i gcrích rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus ag baint an bhoinn den chur i gcrích sin.</p>	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2.	WAGUÉ, Ismaël	<p>Áit bhreithe: Bamako</p> <p>Dáta breithe: 2.3.1975</p> <p>Náisiúntacht: Mailíoch</p> <p>Pasuimhir: pas taidhleoireachta AA0193660 bailí go dtí an 15.2.2023</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Post: An tAire Athmhuintearais, Maor-Choirnéal</p>	<p>Tá an Maor-Choirnéal Ismaël Wagué ina chomhalta lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta, agus bhí sé ar dhuine de ghríosóirí an <i>coup</i> an 18 Lúnasa 2020, in éineacht leis an gCoirnéal Goïta, an Coirnéal Sadio Camara, an Coirnéal Modibo Koné agus an Coirnéal Malick Diaw.</p> <p>An 19 Lúnasa 2020, d'fhógair sé go raibh an t-arm tagtha i gcumhacht, agus bhí sé ansin ina urlabhraí don National Committee for the Salvation of the People (<i>Comité national pour le salut du peuple</i>, CNSP).</p> <p>Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol.</p> <p>Agus é ina Aire Athmhuintearais ar an Rialtas Idirthréimhseach ó mhí Dheireadh Fómhair 2020, tá Ismaël Wagué i gceannas ar Chomhaontú um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí a chur i bhfeidhm. Trína ráiteas i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus trína easaontú gan staonadh le comhaltaí an Permanent Strategic Framework (<i>Cadre Stratégique Permanent</i>, CSP), chuidigh sé le bac a chur ar an Monitoring Committee of the Agreement for Peace and Reconciliation in Mali (<i>Comité de suivi de l'accord</i>, CSA), rud a d'fhág gur cuireadh cruinnithe CSA ar fionraí ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go mí Mheán Fómhair 2022. Chuir an staid sin bac ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe sin, atá ar cheann de “misin” aistriú polaitiúil Mhailí dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Chairt Idirthréimhseach.</p> <p>Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ismaël Wagué) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.</p> <p>Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol, agus tá sé freagrach freisin as bac a chur ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil, agus as an mbonn a bhaint de thabhairt chun críche an aistrithe sin.</p>	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
3.	MAÏGA, Choguel	<p>Áit bhreithe: Tabango, Gao, Mailí</p> <p>Dáta breithe: 31.12.1958</p> <p>Náisiúntacht: Mailíoch</p> <p>Pasuimhir: pas taidhleoireachta DA0004473, a d'eisigh Mailí, víosa Schengen a eisíodh</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Post: An Príomh-Aire</p>	<p>Agus é ina Phríomh-Aire ó mhí an Mheithimh 2021, is é Choguel Maïga atá i gceannas ar Rialtas Idirthrémhseach Mhailí a bunaíodh tar éis <i>coup</i> an 24 Bealtaine 2021.</p> <p>Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh roimhe seo le ECOWAS i gcomhréir leis an gCairt Idirthrémhseach, d'fhógair sé i mí an Mheithimh 2021 atheagrú na National Consultations for Refoundation (<i>Assises nationales de la refondation</i>, ANRanna) mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán a bhí sceidealaithe don 27 Feabhra 2022.</p> <p>Cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta, mar a d'fhógair Choguel Maïga é féin, agus cuireadh moill ar na toghcháin ansin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhagcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthrémhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, rud a cheadaíonn don Rialtas Idirthrémhseach fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. I mí an Mheithimh 2022, chuir an Rialtas Idirthrémhseach clár ama athbhreithnithe faoi bhráid ECOWAS lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, i.e. níos mó ná 2 bhliain tar éis an spriocdháta a leagtar síos sa Chairt Idirthrémhseach.</p> <p>Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthrémhseach (lena n-áirítear Choguel Maïga) i mí na Samhna 2021 mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthrémhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.</p> <p>Ina cháil mar Phríomh-Aire, tá Choguel Maïga freagrach go díreach as na toghcháin dá bhforáiltear sa Chairt Idirthrémhseach a chur siar, agus dá bhrí sin, tá bac á chur aige ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin.</p>	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
4.	MAÏGA, Ibrahim Ikassa	<p>Áit bhreithe: Tondibi, réigiún Gao, Mailí</p> <p>Dáta breithe: 5.2.1971</p> <p>Náisiúntacht: Mailíoch</p> <p>Pasuimhir: pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Post: Aire an Athbhunaithe</p>	<p>Tá Ibrahim Ikassa Maïga ina chomhalta de choiste straitéiseach M5-RFP (<i>Mouvement du 5 juin - Rassemblement des forces patriotiques</i>), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita.</p> <p>Ina cháil mar Aire an Athbhunaithe ó mhí an Mheithimh 2021, cuireadh de chúram air na National Consultations for Refoundation (<i>Assises nationales de la Refondation</i>, ANRanna) a phleanáil, a d'fhógair an Príomh-Aire Choguel Maïga.</p> <p>Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le ECOWAS roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna sin mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán atá sceidealaithe don 27 Feabhra 2022.</p> <p>Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhagcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, rud a cheadaíonn don Rialtas Idirthréimhseach fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. I mí an Mheithimh 2022, chuir an Rialtas Idirthréimhseach clár ama athbhreithnithe faoi bhráid ECOWAS lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, i.e. níos mó ná 2 bhliain tar éis an spriocdháta a leagtar síos sa Chairt Idirthréimhseach.</p> <p>Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ibrahim Ikassa Maïga) i mí na Samhna 2021, mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdarás Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.</p> <p>Ina cháil mar Aire an Athbhunaithe, tá bac á chur ag Ibrahim Ikassa Maïga ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údarás thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin.</p>	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
5.	DIARRA, Adama Ben (dá ngairtear freisin Ben Le Cervau)	Áit bhreithe: Kati, Mailí Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí, víosa Schengen a eisíodh Inscne: fireann Post: Comhalta den National Transition Council (orgán reachtach aistriú polaitiúil Mhailí)	<p>Tá Adama Ben Diarra, dá ngairtear Camarade Ben Le Cervau, ar dhuine de cheannairí óga M5-RFP (<i>Mouvement du 5 juin-Rassemblement des Forces Patriotiques</i>), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita. Tá Adama Ben Diarra ina cheannaire ar Yéréwolo freisin, an phríomheagraíocht atá ag tacú leis na hÚdaráis Idirthréimhseacha, agus ina chomhalta den National Transitional Council (CNT) ón 3 Nollaig 2021.</p> <p>Níor éirigh le CNT na “misin” atá cumhdaithe sa Chairt Idirthréimhseach dar dáta agus a bhí le críochnú laistigh de 18 mí a chur i gcrích in am trátha, mar is léir ón moill a bhí ar CNT an dréachtbhille toghcháin a fhormhuiniú. Chuidigh an moill sin le moill a chur ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, moill ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil. Ina theannta sin, leis an mbille nua toghcháin, a ghlac CNT ar deireadh an 17 Meitheamh 2022 agus a foilsíodh in Iris Oifigiúil Phoblacht Mhailí an 24 Meitheamh 2022, ceadaítear don Uachtarán Idirthréimhseach agus don Leas-Uachtarán Idirthréimhseach agus do chomhaltaí an Rialtais Idirthréimhsigh a bheith ina n-iarrthóirí sna toghcháin uachtaránachta agus reachtacha, rud atá ag teacht salach ar an gCairt Idirthréimhseach.</p> <p>Bíonn Adama Ben Diarra go gníomhach ag moladh agus ag tacú le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí i rith slógaí polaitiúla agus ar ghréasáin shóisialta, agus é ag rá go bhfuil sé mar aidhm dhiongbháilte ag muintir Mhailí an idirthréimhse 5 bliana a mhol na hÚdaráis Idirthréimhseacha tar éis na National Consultations for Refoundation (<i>Assises nationales de la Refondation</i>, ANRanna).</p> <p>Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le ECOWAS roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán atá sceidealaithe don 27 Feabhra 2022.</p> <p>Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhagcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, agus lena gceadaítear do na húdaráis Idirthréimhseacha fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. I mí an Mheithimh 2022, chuir an Rialtas Idirthréimhseach clár ama athbhreithnithe faoi bhráid ECOWAS lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, i.e. níos mó ná 2 bhliain tar éis an spriocdháta a leagtar síos sa Chairt Idirthréimhseach.</p>	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Adama Ben Diarra) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdarás Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.</p> <p>Dá bhrí sin, tá bac á chur ag Adama Ben Diarra ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údarás thofa, agus tríd an mbonn a bhaint de sin.</p>	

B. Liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintitis agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2a(1)

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	DIAW, Malick	<p>Áit bhreithe: Ségou</p> <p>Dáta breithe: 2.12.1979</p> <p>Náisiúntacht: Mailíoch</p> <p>Pasuimhir: B0722922 bailí go dtí an 13.8.2018</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Post: Uachtarán an National Transition Council (orgán reachtach aistriú polaitiúil Mhailí), Coirnéal</p>	<p>Tá Malick Diaw ina bhall lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta. Agus é ina cheann foirne ar an tríú réigiún míleata, is é sin Kati, bhí sé ar dhuine de ghríosóirí agus de cheannairí an <i>coup</i> a rinneadh an 18 Lúnasa 2020, in éineacht leis an Maor-Choirnéal Ismaël Wagué, an Coirnéal Assimi Goïta, an Coirnéal Sadio Camara agus an Coirnéal Modibo Koné.</p> <p>Tá Malick Diaw freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí nó beartais a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol.</p> <p>Is príomhghníomhaí i gcomhthéacs aistriú polaitiúil Mhailí é Malick Diaw freisin agus é ina Uachtarán ar an National Transition Council (CNT), comhlacht reachtach an Aistrithe, ó mhí na Nollag 2020.</p> <p>Níor éirigh le CNT na “misin” atá cumhdaithe sa Chairt Idirthréimhseach dar dáta an 1 Deireadh Fómhair 2020 (“Cairt Idirthréimhseach”) agus ba cheart a chríochnú laistigh de 18 mí a chur i gcrích in am trátha, mar is léir ón moill a bhí ar CNT an dréachtbhille toghcháin a fhormhuiniú. Chuidigh an moill sin le moill a chur ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, moill ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil. Ina theannta sin, leis an mbille nua toghcháin, a ghlac CNT ar deireadh an 17 Meitheamh 2022 agus a foilsíodh in Iris Oifigiúil Phoblacht Mhailí an 24 Meitheamh 2022, ceadaítear don Uachtarán Idirthréimhseach, don Leas-Uachtarán Idirthréimhseach agus do chomhaltaí an Rialtais Idirthréimhsigh a bheith ina n-iarrthóirí sna toghcháin uachtaránachta agus reachtacha, rud atá ag teacht salach ar an gCairt Idirthréimhseach.</p>	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Ghlac Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS) smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Malick Diaw) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Malick Diaw ag cur bac ar chur i gcrích rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus ag baint an bhoinn den chur i gcrích sin.</p>	
2.	WAGUÉ, Ismaël	<p>Áit bhreithe: Bamako</p> <p>Dáta breithe: 2.3.1975</p> <p>Náisiúntacht: Mailíoch</p> <p>Pasumhir: pas taidhleoireachta AA0193660 bailí go dtí an 15.2.2023</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Post: An tAire Athmhuintearais, Maor-Choirnéal</p>	<p>Tá an Maor-Choirnéal Ismaël Wagué ina chomhalta lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta, agus bhí sé ar dhuine de ghríosóirí an <i>coup</i> an 18 Lúnasa 2020, in éineacht leis an gCoirnéal Goïta, an Coirnéal Sadio Camara, an Coirnéal Modibo Koné agus an Coirnéal Malick Diaw.</p> <p>An 19 Lúnasa 2020, d'fhógair sé go raibh an t-arm tagtha i gcumhacht, agus bhí sé ansin ina urlabhraí don National Committee for the Salvation of the People (<i>Comité national pour le salut du peuple</i>, CNSP).</p> <p>Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol.</p> <p>Agus é ina Aire Athmhuintearais ar an Rialtas Idirthréimhseach ó mhí Dheireadh Fómhair 2020, tá Ismaël Wagué i gceannas ar Chomhaontú um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí a chur i bhfeidhm. Trína ráiteas i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus trína easaontú gan staonadh le comhaltaí an Permanent Strategic Framework (<i>Cadre Stratégique Permanent</i>, CSP), chuidigh sé le bac a chur ar an Monitoring Committee of the Agreement for Peace and Reconciliation in Mali (<i>Comité de suivi de l'accord</i>, CSA), rud a d'fhág gur cuireadh cruinnithe CSA ar fionraí ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go mí Mheán Fómhair 2022. Chuir an staid sin bac ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe sin, atá ar cheann de “misin” aistriú polaitiúil Mhailí dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Chairt Idirthréimhseach.</p> <p>Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ismaël Wagué) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.</p> <p>Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol, agus tá sé freagrach freisin as bac a chur ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil, agus as an mbonn a bhaint de thabhairt chun críche an aistrithe sin.</p>	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
3.	MAÏGA, Choguel	<p>Áit bhreithe: Tabango, Gao, Mailí</p> <p>Dáta breithe: 31.12.1958</p> <p>Náisiúntacht: Mailíoch</p> <p>Pasuimhir: pas taidhleoireachta DA0004473, a d'eisigh Mailí, víosa Schengen a eisíodh</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Post: An Príomh-Aire</p>	<p>Agus é ina Phríomh-Aire ó mhí an Mheithimh 2021, is é Choguel Maïga atá i gceannas ar Rialtas Idirthrémhseach Mhailí a bunaíodh tar éis <i>coup</i> an 24 Bealtaine 2021.</p> <p>Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh roimhe seo le ECOWAS i gcomhréir leis an gCairt Idirthrémhseach, d'fhógair sé i mí an Mheithimh 2021 atheagrú na National Consultations for Refoundation (<i>Assises nationales de la refondation</i>, ANRanna) mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán a bhí sceidealaithe don 27 Feabhra 2022.</p> <p>Cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta, mar a d'fhógair Choguel Maïga é féin, agus cuireadh moill ar na toghcháin ansin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhagcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthrémhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, rud a cheadaíonn don Rialtas Idirthrémhseach fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. I mí an Mheithimh 2022, chuir an Rialtas Idirthrémhseach clár ama athbhreithnithe faoi bhráid ECOWAS lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, i.e. níos mó ná 2 bhliain tar éis an spriocdháta a leagtar síos sa Chairt Idirthrémhseach.</p> <p>Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthrémhseach (lena n-áirítear Choguel Maïga) i mí na Samhna 2021 mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthrémhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.</p> <p>Ina cháil mar Phríomh-Aire, tá Choguel Maïga freagrach go díreach as na toghcháin dá bhforáiltear sa Chairt Idirthrémhseach a chur siar, agus dá bhrí sin, tá bac á chur aige ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin.</p>	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
4.	MAÏGA, Ibrahim Ikassa	<p>Áit bhreithe: Tondibi, réigiún Gao, Mailí</p> <p>Dáta breithe: 5.2.1971</p> <p>Náisiúntacht: Mailíoch</p> <p>Pasuimhir: pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Post: Aire an Athbhunaithe</p>	<p>Tá Ibrahim Ikassa Maïga ina chomhalta de choiste straitéiseach M5-RFP (<i>Mouvement du 5 juin - Rassemblement des forces patriotiques</i>), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita.</p> <p>Ina cháil mar Aire an Athbhunaithe ó mhí an Mheithimh 2021, cuireadh de chúram air na National Consultations for Refoundation (<i>Assises nationales de la Refondation</i>, ANRanna) a phleanáil, a d'fhógair an Príomh-Aire Choguel Maïga.</p> <p>Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le ECOWAS roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna sin mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán atá sceidealaithe don 27 Feabhra 2022.</p> <p>Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhagcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, rud a cheadaíonn don Rialtas Idirthréimhseach fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. I mí an Mheithimh 2022, chuir an Rialtas Idirthréimhseach clár ama athbhreithnithe faoi bhráid ECOWAS lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, i.e. níos mó ná 2 bhliain tar éis an spriocdháta a leagtar síos sa Chairt Idirthréimhseach.</p> <p>Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ibrahim Ikassa Maïga) i mí na Samhna 2021, mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdarás Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.</p> <p>Ina cháil mar Aire an Athbhunaithe, tá bac á chur ag Ibrahim Ikassa Maïga ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údarás thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin.</p>	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
5.	DIARRA, Adama Ben (dá ngairtear freisin Ben Le Cervau)	Áit bhreithe: Kati, Mailí Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí, víosa Schengen a eisíodh Inscne: fireann Post: Comhalta den National Transition Council (orgán reachtach aistriú polaitiúil Mhailí)	<p>Tá Adama Ben Diarra, dá ngairtear Camarade Ben Le Cervau, ar dhuine de cheannairí óga M5-RFP (<i>Mouvement du 5 juin-Rassemblement des Forces Patriotiques</i>), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita. Tá Adama Ben Diarra ina cheannaire ar Yéréwolo freisin, an phríomheagraíocht atá ag tacú leis na hÚdaráis Idirthréimhseacha, agus ina chomhalta den National Transitional Council (CNT) ón 3 Nollaig 2021.</p> <p>Níor éirigh le CNT na “misin” atá cumhdaithe sa Chairt Idirthréimhseach dar dáta agus a bhí le críochnú laistigh de 18 mí a chur i gcrích in am trátha, mar is léir ón moill a bhí ar CNT an dréachtbhille toghcháin a fhormhuiniú. Chuidigh an moill sin le moill a chur ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, moill ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil. Ina theannta sin, leis an mbille nua toghcháin, a ghlac CNT ar deireadh an 17 Meitheamh 2022 agus a foilsíodh in Iris Oifigiúil Phoblacht Mhailí an 24 Meitheamh 2022, ceadaítear don Uachtarán Idirthréimhseach agus don Leas-Uachtarán Idirthréimhseach agus do chomhaltaí an Rialtais Idirthréimhsigh a bheith ina n-iarrthóirí sna toghcháin uachtaránachta agus reachtacha, rud atá ag teacht salach ar an gCairt Idirthréimhseach.</p> <p>Bíonn Adama Ben Diarra go gníomhach ag moladh agus ag tacú le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí i rith slógaí polaitiúla agus ar ghréasáin shóisialta, agus é ag rá go bhfuil sé mar aidhm dhiongbháilte ag muintir Mhailí an idirthréimhse 5 bliana a mhol na hÚdaráis Idirthréimhseacha tar éis na National Consultations for Refoundation (<i>Assises nationales de la Refondation</i>, ANRanna).</p> <p>Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le ECOWAS roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán atá sceidealaithe don 27 Feabhra 2022.</p> <p>Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhagcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, agus lena gceadaítear do na húdaráis Idirthréimhseacha fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. I mí an Mheithimh 2022, chuir an Rialtas Idirthréimhseach clár ama athbhreithnithe faoi bhráid ECOWAS lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, i.e. níos mó ná 2 bhliain tar éis an spriocdháta a leagtar síos sa Chairt Idirthréimhseach.</p>	4.2.2022”

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Adama Ben Diarra) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.</p> <p>Dá bhrí sin, tá bac á chur ag Adama Ben Diarra ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa, agus tríd an mbonn a bhaint de sin.</p>	

CINNEADH (CBES) 2022/2441 ÓN gCOMHAIRLE**an 12 Nollaig 2022****lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 10 Samhain 2008, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ⁽¹⁾ lena mbunaítear oibríocht Atalanta, oibríocht mhíleata de chuid an Aontais.
- (2) An 22 Nollaig 2020, le Cinneadh (CBES) 2020/2188 ón gComhairle ⁽²⁾, leasaíodh Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES agus cuireadh síneadh le Atalanta go dtí an 31 Nollaig 2022.
- (3) Le Cinneadh (CBES) 2020/2188, leathnaíodh cúram Atalanta rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile agus cosaint a thabhairt do shoithí de chuid an Chláir Dhomhanda Bia lena seachadtar cabhair bhia do dhaoine easáitithe sa tSomáil chomh maith le cosaint soithí leochaileacha a bhíonn ag cúrsáil amach ó chósta na Somáile. Foráladh leis ina theannta sin, gurb amhlaidh freisin a rannchuideodh Atalanta, mar chúraimí feidhmiúcháin tánaisteacha le cur chun feidhme thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an tSomáil i gcomhréir le Rún 2182 (2014) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) agus le cur i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí támhshuanacha amach ó chósta na Somáile i gcomhthéacs Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha an 20 Nollaig 1988. Ina theannta sin, foráladh leis go ndéanadh Atalanta faireachán, mar chúram neamhfheidhmiúcháin tánaisteach, ar gháinneáil ar dhrugaí támhshuanacha, ar gháinneáil ar airm, ar iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte (NNN) agus ar thrádáil aindleathach fioghuail amach ó chósta na Somáile i gcomhréir le Rún 2498 (2019) agus 2500 (2019) ó CSNA agus i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha an 20 Nollaig 1988.
- (4) Mheabhraigh an Chomhairle sna conclúidí uaithe an 22 Meitheamh 2021 gurb é “is aidhm don tslándáil mhuirí úsáid shaor shiochánta na bhfarraige a áirithiú agus gur réamhriachtanas í chun go mbeidh aigéin agus farraige sábháilte, glana agus slána ann do gach cineál gníomhaíochta, agus gur tosaíocht shoiléir í don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit chun a leasanna straitéiseacha a chosaint”. Chuir an Chomhairle chun suntais “an rannchuidiú suntasach seanbhunaithe leis an tslándáil mhuirí atá á dhéanamh ag oibríochtaí muirí Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear EUNAVFOR ATALANTA, chun dul i ngleic leis an bpíoráideacht san Aigéan Indiach agus í a dhíothú ar deireadh”.
- (5) An 15 Samhain 2021, le Rún 2607 (2021) ó CSNA, rinneadh, go háirithe, athnuachan agus leathnú ar na forálacha a leagtar amach i mír 15 de Rún 2182 (2014) agus ar an údarú maidir le cigireachtaí chun an trádbhac arm ar an tSomáil agus an toirmeasc ar onnmhairí fioghuail ón tSomáil a chur chun feidhme.
- (6) An 3 Nollaig 2021, le Rún 2608 (2021) ó CSNA, iarradh an athuair ar Stáit agus ar eagraíochtaí réigiúnacha atá in ann é a dhéanamh páirt a ghlacadh sa chomhrac i gcoinne na píoráideachta agus na robála armtha ar muir amach ó chósta na Somáile, go háirithe, i gcomhréir leis an rún céanna agus leis an dlí idirnáisiúnta, trí shoithí cabhlaigh, airm, agus aerárthaí míleata a imscaradh, trí thacaíocht bhunáite agus lóistíochta a chur ar fáil d'fhórsaí frithphíor-

⁽¹⁾ Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhaíochtaí píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile (IO L 301, 12.11.2008, lch. 33).

⁽²⁾ Cinneadh (CBES) 2020/2188 ón gComhairle an 22 Nollaig 2020 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile (IO L 435, 23.12.2020, lch. 74).

áideachta, agus trí bháid, soithí, airm, agus trealamh gaolmhar eile a úsáidtear, nó a bhfuil forais réasúnta ann lena mheas go n-úsáidtear iad, don phíoráideacht agus don robáil armtha ar muir amach ó chósta na Somáile, a urghabháil agus a dhiúscairt, aithníodh gur ionchúisigh na Séisíil cásanna píoráideachta go rathúil agus tathantaíodh ar gach Ballstát faisnéis a roinnt le INTERPOL, lena húsáid i mbunachar sonraí domhanda na píoráideachta.

- (7) Sna conclúidí uaithi an 21 Feabhra 2022, sheol an Chomhairle cur chun feidhme choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh, trí limistéar leasa muirí a bhunú ina gcumhdaítear an limistéar muirí ó chaolas Hormuz go dtí an Trópaic Theas, agus ón taobh thuaidh den Mhuir Rua i dtreo lár an Aigéin Indiaigh.
- (8) Sa chomhthéacs sin, baineadh de thátal as an Athbhreithniú Straitéiseach a rinneadh ar Atalanta in 2022 gur cheart síneadh a chur le sainordú na hoibríochta go dtí an 31 Nollaig 2024 agus gur cheart é a mhéadú le go gcuimseofaí leis an tslándáil mhuirí amach ó chósta na Somáile agus sa Mhuir Rua agus, ag an am céanna, gur cheart leanúint de na cúraimí atá á ndéanamh cheana. Ina theannta sin, ba cheart leanúint d'idirphlé a shaothrú leis an tionscnamh um Fheasacht ar an Staid Mhuirí i gCaolas Hormuz (EMASOH), tionscnamh atá faoi stiúir na hEorpa, agus leis an gcuid mhíleata de, Oibríocht Agénor, chun naisc bhreise agus sineirgí breise a fhorbairt. Ar an gcuma céanna, ba cheart sineirgí a lorg leis an Láithreacht Mhuirí Comhordaithe san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh. Ina theannta sin, ba cheart, leis an oibríocht, sásra a bhunú chun faisnéis a roinnt le Rialtas Cónaidhme na Somáile, trí Bhiúró Lárnach Náisiúnta INTERPOL i Mogaidisiú, maidir le hiascaireacht amhrasta NNN.
- (9) Ba cheart Gníomhaíocht Chomhphárteach 2008/851/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Gníomhaíocht Chomhphárteach 2008/851/CBES mar seo a leanas:

- (1) Sa teideal, cuirtear an frása: “maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA)” in ionad an fhrása:

“maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile”.

- (2) Ar fud an téacs, cuirtear an t-ainm “EUNAVFOR ATALANTA” in ionad an ainm “Atalanta”.

- (3) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Seolfaidh an tAontas Eorpach (an tAontas) oibríocht mhíleata chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA).

1a. Mar thaca le Rúin 1814 (2008), 1816 (2008), 1838 (2008), 1846 (2008) agus 1851 (2008) agus le Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) ina dhiaidh sin, ar bhealach atá comhsheasmhach leis an ngníomhaíocht a cheadaítear i ndáil le píoráideacht faoi Airteagal 100 et seq. de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige a síníodh in Montego Bay an 10 Nollaig 1982 (dá ngairtear “Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige” anseo feasta), agus trí bhúthín, go háirithe, gealltanais a tugadh le tríú Stáit, rannchuideoidh EUNAVFOR ATALANTA leis an méid seo a leanas:

— soithí de chuid an Chláir Dhomhanda Bia a chosaint agus cabhair bhia á seachadadh acu do dhaoine easáitithe sa tSomáil, i gcomhréir leis an sainordú a leagtar síos i Rúin 1814 (2008) ó CSNA, agus

— soithí leochaileacha a bhíonn ag cúsáil amach ó chósta na Somáile a chosaint, agus gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile, i gcomhréir leis an sainordú a leagtar síos i Rúin 1846 (2008) agus 1851 (2008) ó CSNA.”

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

“Airteagal 8

Comhleanúnachas fhreagairt an Aontais

1. Déanfaidh an tArdionadaí, Ceannasaí Oibríochta an Aontais agus Ceannasaí Fórsa an Aontais a ngníomhaíochtaí faoi seach a chomhordú go dlúth maidir le cur chun feidhme na Gníomhaíochta Comhpháirtí seo.

2. Comhordóidh EUNAVFOR ATALANTA go dlúth le misean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia), le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta sa tSomáil (EUCAP Somalia) agus leis na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh. Comhoibreoidh sé le hoibríocht AGENOR agus malartóidh sé faisnéis leis an tionscnamh um Fheasacht ar Staid Mhuirí i gCaolas Hormuz (EMASOH), tionscnamh atá faoi stiúir na hEorpa.

3. Tacóidh EUNAVFOR ATALANTA, de réir acmhainne agus cumais, le cláir ábhartha de chuid an Aontais.”

(5) In Airteagal 14, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“8. EUR 10 400 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh na gcostas coiteann a bhaineann le hoibríochtaí míleata an Aontais ar feadh na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024. 0 % a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle (*) do ghealltanais, agus 0 % a bheidh sa chéatadán d’íocaíochtaí.

(*) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).”

(6) In Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (5):

“5. Leis seo, údaraítear do EUNAVFOR ATALANTA faisnéis arna bailiú maidir le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha seachas an phíoráideacht le linn a chuid oibríochtaí a scaoileadh chuig INTERPOL, i gcomhréir le hAirteagal 2(h), agus chuig EUROPOL, i gcomhréir le hAirteagal 2(i). Ina theannta sin, údaraítear leis seo do EUNAVFOR ATALANTA faisnéis maidir le hiascaireacht amhrasta NNN, arna bailiú le linn a chuid oibríochtaí, a tharchur chuig Biúró Lárnach Náisiúnta INTERPOL i Mogaidisiú.”

(7) In Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Tiocfaidh deireadh le EUNAVFOR ATALANTA an 31 Nollaig 2024.”

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

CINNEADH (CBES) 2022/2442 ÓN gCOMHAIRLE**an 12 Nollaig 2022****Iena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/151 maidir le gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú le haslonnú daoine fíorleochaileacha áirithe ón Afganastáin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 3 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/151 ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (2) Ón 1 Meitheamh 2021 ar aghaidh, tá an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) tar éis aslonnú Afganastánach a eagrú agus a bhainistiú, go háirithe iad siúd a d'oibrigh d'Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin, arna cheapadh le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2001/875/CBES ón gComhairle ⁽²⁾, nó do EUPOL AFGANASTÁIN, arna bhunú le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/369/CBES ón gComhairle ⁽³⁾, chomh maith le haslonnú Afganastánach fíorleochaileach eile a chomhoibrigh leis an Aontas, agus a ngarghaolta cleithiúnacha.
- (3) Rinne SEGS liosta de na daoine atá incháilithe d'aslonnú faoi Chinneadh (CBES) 2022/151 ("an liosta") a bhunú agus a nuashonrú.
- (4) Mar gheall ar chúrsaí san Afganastáin, ní féidir daoine atá ar an liosta, atá fós i mbaol agus iad san Afganastáin, a aslonnú faoin 31 Nollaig 2022.
- (5) Ba cheart síneadh a chur leis an ngníomhaíocht faoi Chinneadh (CBES) 2022/151 go dtí an 31 Nollaig 2023 chun aslonnú na ndaoine fíorleochaileacha atá ar an liosta a chumasú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2022/151, san abairt réamhráiteach, cuirtear an dáta "31 Nollaig 2022" in ionad an dáta "31 Nollaig 2023".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle**An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

⁽¹⁾ Cinneadh (CBES) 2022/151 ón gComhairle an 3 Feabhra 2022 maidir le gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú le haslonnú daoine fíorleochaileacha áirithe ón Afganastáin (IO L 25, 4.2.2022, lch. 11).

⁽²⁾ Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2001/875/CBES ón gComhairle an 10 Nollaig 2001 a bhaineann le hIonadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh a cheapadh (IO L 326, 11.12.2001, lch. 1).

⁽³⁾ Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/369/CBES ón gComhairle an 30 Bealtaine 2007 maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin (EUPOL AFGANASTÁIN) a bhunú (IO L 139, 31.5.2007, lch. 33).

CINNEADH (CBES) 2022/2443 ÓN gCOMHAIRLE**an 12 Nollaig 2022****lena leasaítear Cinneadh 2010/96/CBES maidir le misean míleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 15 Feabhra 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/96/CBES ⁽¹⁾, lena mbunaítear misean míleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia).
- (2) An 10 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/2032 ⁽²⁾, lena gcuirtear síneadh le sainordú EUTM Somalia go dtí an 31 Nollaig 2022.
- (3) I gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh Iomlánaigh ar rannpháirtíocht CBSC sa tSomáil agus i gCorn na hAfraice, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála go gcuirfí síneadh breise le sainordú EUTM Somalia go dtí an 31 Nollaig 2024.
- (4) Ba cheart Cinneadh 2010/96/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2010/96/CBES mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Tacóidh EUTM Somalia, go háirithe, le forbairt an Chórais Oiliúna atá faoi úinéireacht na Somáile d’fhonn freagracht as an oiliúint a thabhairt de réir a chéile do SNAF, i bprionsabal, faoi dheireadh 2024. Déanfaidh EUTM Somalia meantóireacht ar an oiliúint atá faoi úinéireacht na Somáile agus a chuireann an tSomáil ar fáil agus coinneoidh sé a acmhainneacht chun na haonaid atá oilte aige a rianú agus a mheasúnú.”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“3a. Cuirfidh EUTM Somalia tacaíocht ar fáil freisin, de réir mar is gá agus laistigh dá acmhainní agus dá chumais, do ghníomhaithe eile de chuid an Aontais agus a sainorduithe faoi seach á gcur chun feidhme acu i réimse na slándála agus na cosanta sa tSomáil, go háirithe do EUCAP Somalia, arna bhunú le Cinneadh 2014/389/CBES ón gComhairle (*), maidir le hidir-inoibritheacht idir SNAF agus fórsaí póilíneachta na Somáile. Thairis sin, déanfaidh EUTM Somalia tacaíocht a chuirtear ar fáil leis an tSaoráid Eorpach Síochána a éascú, arna bhunú le Cinneadh 2021/509/CBES ón gComhairle (**), go háirithe trí chomhairle a chur ar SNAF maidir leis an gcúnamh a éilítear a shainathint, mar aon leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus na Ballstáit maidir leis an gcúnamh sin a thabhairt.

(*) Cinneadh 2012/389/CBES an 16 Iúil 2012 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta sa tSomáil (EUCAP Somalia) (IO L 187, 17.7.2012, lch. 40).

(**) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).”;

(1) Cinneadh 2010/96/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2010 maidir le misean míleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le hoiliúint Fhórsaí Slándála na Somáile (IO L 44, 19.2.2010, lch. 16).

(2) Cinneadh (CBES) 2020/2032 ón gComhairle an 10 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh 2010/96/CBES maidir le Misean Míleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile (IO L 419, 11.12.2020, lch. 28).

(2) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Riarfar costais choiteanna mhisean míleata an Aontais i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509.”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“9. EUR 29 802 052 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh na gcostas coiteann a bhaineann le misean míleata an Aontais ar feadh na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024. 0 % a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 do ghealltanais, agus 0 % a bheidh sa chéatadán d’íocaíochtaí.”;

(3) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

“2. Cuirfear deireadh le sainordú mhisean míleata an Aontais an 31 Nollaig 2024.

3. Déanfar an Cinneadh seo a aisghairm amháil ó dháta dúnta Cheanncheathrú an Aontais, na hoifige idirchaidrimh agus tacaíochta in Nairobi agus na cille tacaíochta sa Bhruiséil, i gcomhréir leis na pleananna arna bhformheas chun misean míleata an Aontais a fhoirceannadh, agus gan dochar do na nósanna imeachta maidir le cuntais mhisean míleata an Aontais a iniúchadh agus a thíolacadh, a leagtar síos i gCinneadh (CBES) 2021/509.”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

CINNEADH (CBES) 2022/2444 ÓN gCOMHAIRLE**an 12 Nollaig 2022****maidir le misean comhpháirtíochta míleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sna conclúidí uaithe an 16 Aibreán 2021, shainigh an Chomhairle Straitéis Chomhtháite an Aontais Eorpaigh sa tSaiheil. Chuir an Chomhairle in iúl go háirithe gur cúis inní di go bhfuil méadú ag teacht de réir a chéile aran neamhshlándáil chomh maith leis an tionchar atá ag an méadú sin, arb iad na pobail shibhialtacha is túisce atá thíos léi, go bhfuil géarú déanta aici ar staid ina bhfuil an iliomad géarchéimeanna, agus iarmhairtí daonnúla nach bhfacthas a leithéid cheana sa réigiún, lena n-áirítear méadú ar líon na ndaoine atá easáitithe ina dtír féin agus líon na ndéanaithe, méadú ar an easáitíú éigeantais, ar mhí-úsáid, ar theannas idirphobail agus sa phobail, leathadh géarchéimeanna bia agus cothaithe a tharlaíonn arís is arís eile, méadú ar riachtanais sláinte, agus ar a dheacra atá sé seirbhísí stáit a bhunú i limistéir choinbhleachta, agus d'aithin sí go gcuireann an éagobhsaíocht leis an imirce neamhrialta freisin. Chuir an Chomhairle i dtreis freisin go leanfaidh an tAontas de bheith ag rannchuidiú le fothú acmhainneachta i réimsí na cosanta agus na slándála trí mhisin de chuid an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) a shlógadh. Chuir an Chomhairle i dtábhacht go leanfaidh urraim agus cur chun cinn chearta an duine, lena n-áirítear combhionannas inscne agus daoine aonair a chosaint ar aon ionsaí ar a n-ionracas, de bheith i gcroílár ghníomhaíocht an Aontais i ngach réimse dá idirghabháil sa tSaiheil.
- (2) An 30 Meitheamh 2022, agus an tAthbhreithniú Straitéiseach Iomlánach ar mhisin CBSC EUTM Mali agus EUCAP Sahel Mali á thabhairt i gcrích, mheas an Coiste Polaitiúil agus Slándála go mbeadh sé iomchuí misean tiomnaithe míleata CBSC a bhunú i gcomhar le beart cúnamh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun an tacaíocht is gá a chur ar fáil don Nígir.
- (3) An 18 Iúil 2022, bhunaigh an Chomhairle beart cúnamh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na Nígre. Go háirithe, leis an mbeart cúnamh, tacaítear le hIonad Oiliúna Teicneoirí na bhFórsaí Armtha a bhunú.
- (4) I litir dar dáta an 30 Samhain 2022, d'iarr Aire Gnóthaí Eachtracha agus Comhair Phoblacht na Nígre ar an Aontas misean comhpháirtíochta míleata CBSC de chuid an Aontais a imscaradh sa Nígir chun cur le hacmhainneacht mhíleata Fhórsaí Armtha na Nígre chun tacú leis an Nígir sa chomhrac atá aici i gcoinne grúpaí armtha sceimhlitheoireachta, i gcomhréir leis an dlí um chearta an duine agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta.
- (5) An 12 Nollaig 2022, d'fhormheas an Chomhairle Coincheap Bainistíochta Géarchéime maidir le misean comhpháirtíochta míleata CBSC a d'fhéadfadh a bheith sa Nígir chun tacú le cur chun feidhme phlean fothaithe acmhainneachta don Nígir, trí thacú le bunú Ionad Oiliúna Teicneoirí na bhFórsaí Armtha i gcomhar leis an mbeart cúnamh a glacadh an 18 Iúil 2022, lena bhforáiltear, arna iarraidh sin, oiliúint speisialaithe a chur ar fáil do speisialtóirí Fhórsaí Armtha na Nígre agus trí thacú le briogáid nua tacaíochta cumarsáide agus ceannais a chruthú. Ba cheart an misean sin a bhunú.
- (6) Faoi fhreagracht na Comhairle agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí"), ba cheart don Choiste Polaitiúil agus Slándála rialú polaitiúil a fheidhmiú ar mhisean comhpháirtíochta míleata CBSC sa Nígir, treoir straitéiseach a thabhairt dó agus na cinní ábhartha a ghlacadh i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).
- (7) Is gá comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidil agus a thabhairt i gcrích maidir le stádas aonad agus pearsanra faoi stiúir an Aontais sa Nígir, agus maidir le rannpháirtíocht tríú Stáit sa mhisean.

- (8) De bhun Airteagal 41(2) CAE, agus i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána (⁽¹⁾), is iad na Ballstáit a íocfaidh as an gcaiteachas oibríochtúil a eascraíonn as an gCinneadh seo, a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta aige,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Misean

1. Seolfaidh an tAontas misean comhpháirtíochta míleata sa Nígir (EUMPM Niger), chun tacú leis an Nígir sa chomhrac atá aici, i gcomhréir leis an dlí um chearta an duine agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, i gcoinne grúpaí armtha sceimhlitheoireachta.
2. Is é an cuspóir straitéiseach a bheidh ag EUMPM Niger tacú le fothú acmhainneachta Fhórsaí Armtha na Nígre, feabhas a chur ar a gcumas an bhagairt ó ghrúpaí armtha sceimhlitheoireachta a shrianadh, agus muintir na Nígre a chosaint agus timpeallacht shábháilte shlán a áirithiú.
3. Chuige sin, déanfaidh EUMPM Niger an méid seo a leanas:
 - (a) tacóidh sé le hIonad Oiliúna Teicneoirí na bhFórsaí Armtha a bhunú agus a neartú, trí chomhairle agus oiliúint a chur ar fáil, lena n-áirítear d'oiliúinóirí;
 - (b) tacóidh sé le sainchumais Fhórsaí Armtha na Nígre a fhorbairt, trí oiliúint speisialaithe ar éileamh a chur ar fáil;
 - (c) tacóidh sé le briogáid roghnaithe tacaíochta cumarsáide agus ceannais a chruthú agus a neartú, trí oiliúint agus meantóireacht a dhéanamh ar a haonaid, ar a speisialtóirí agus ar a slabhra ceannais, ionas gur féidir é a imscaradh ina dhiaidh sin chun tacú le hoibríochtaí na Nígre i gcomhréir leis an dlí um chearta an duine agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta.
4. Déanfar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, cearta an duine agus prionsabal an chomhionannais inscne, cosaint na sibhialtach, agus na cláir oibre faoi Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, Rún 2250 (2105) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil, agus Rún 1612 (2005) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Leanáí agus Coinbhleacht Armtha a chomhtháthú go hiomlán agus a phríomhshruthú go réamhghníomhach i bpleanáil, gníomhaíochtaí agus tuairisciú straitéiseach agus oibríochtúil EUMPM Niger.
5. Ina theannta sin, éascóidh EUMPM Niger an cúnaimh a chuirtear ar fáil don Nígir leis an tSaoráid Eorpach Síochána i ndáil le hIonad Oiliúna Teicneoirí na bhFórsaí Armtha agus, má chinneann an Chomhairle ar an mbeart cúnaimh is gá, i ndáil leis an mbriogáid tacaíochta cumarsáide agus ceannais arna roghnú. Déanfar gníomhaíochtaí an mhisin a chomhordú le soláthar trealamh in am trátha tríd an tSaoráid Eorpach Síochána.

Airteagal 2

Ceapachán Ceannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh

Is é Stiúrthóir an Chumais Mhíleata Pleanála agus Seolta (MPCC) a bheidh mar Cheannasaí Mhisean EUMPM Niger.

Airteagal 3

Ceanncheathrú an Mhisin a ainmniú

1. Struchtúr statach ceannais agus rialaithe ar an leibhéal straitéiseach míleata lasmuigh de limistéar na n-oibríochtaí a bheidh sa MPCC. Beidh sé freagrach as pleanáil oibríochtúil agus iompar EUMPM Niger.
2. Beidh Ceanncheathrú Fhórsa Mhisean EUMPM Niger lonnaithe sa Nígir agus oibreoidh sé faoi cheannas Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh.

(⁽¹⁾) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).

3. Áireofar in MPCC aonad tacaíochta de Cheanncheathrú an Fhórsa Misin sa Bhruiséil go dtí go mbeidh acmhainneacht oibríochtuil iomlán bainte amach ag MPCC.

Airteagal 4

Pleanáil agus seoladh EUMPM Niger

Glacfaidh an Chomhairle an Cinneadh EUMPM Niger a sheoladh, tar éis di an Plean Misin agus na Rialacha Rannpháirtíochta a fhorghabh.

Airteagal 5

Rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach

1. Faoi fhreagracht na Comhairle agus an Ardionadaí, feidhmeoidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach EUMPM Niger. Leis seo, údaraíonn an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinní ábhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 CAE. Áireofar leis an údarú sin an cumhacht chun na doiciméid phleanála a leasú, lena n-áirítear an Plean Misin, agus an Slabhra Ceannais. Áireofar leis freisin an chumhacht chun cinní a ghlacadh maidir le ceapadh Cheannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh amach anseo. Leanfaidh na cumhachtaí chun cuspóirí EUMPM Niger a chinneadh agus an chumhacht chun EUMPM Niger a fhoirceannadh de bheith dílsithe don Chomhairle.

2. Tuairisceoidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála don Chomhairle go tráthrialta.

3. Gheobhaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála tuarascálacha go tráthrialta ó Chathaoirleach Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh (EUMC) maidir le stiúradh EUMPM Niger. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála cuireadh a thabhairt do Cheannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh agus do Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh chuig na cruinnithe dá chuid, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 6

Treoir mhíleata

1. Déanfaidh EUMC faireachán ar fheidhmiú cuí EUMPM Niger arna dhéanamh faoi fhreagracht Cheannasaí Mhisean an Aontais.

2. Gheobhaidh EUMC tuarascálacha ó Cheannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh go tráthrialta. Féadfaidh EUMC cuireadh a thabhairt do Cheannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh nó do Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh chuig na cruinnithe dá chuid, de réir mar is iomchuí.

3. Feidhmeoidh Cathaoirleach EUMC mar phríomhphointe teagmhála le Ceannasaí Mhisean an Aontais.

Airteagal 7

Comhchuibheas fhreagairt agus chomhordú an Aontais

1. Áiríteoidh an tArdionadaí cur chun feidhme an Chinnidh seo agus a chomhchuibheas le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais ar an iomlán, lena n-áirítear clár forbartha an Aontais agus a chlár um chúnamh daonnúil.

2. Gan dochar do shlabhra ceannais agus do rialú polaitiúil agus do threo straitéiseach an Choiste Pholaitiúil agus Slándála, gheobhaidh Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais treoir pholaitiúil áitiúil ó Cheann Thoscaireacht an Aontais chuig na Nígir.

3. Déanfaidh EUMPM Niger comhordú dlúth le EUCAP Sahel Niger maidir leis na réimsí ábhartha saineolais chun rannchuidiú leis an idir-inoibritheacht idir EUCAP Sahel Niger, EUMPM Niger agus fórsaí slándála agus cosanta na Nígre.

4. Ina theannta sin, déanfaidh EUMPM Niger a ghníomhaíochtaí a chomhordú le tionscnaimh, iarrachtaí agus gníomhaíochtaí déthaobhacha atá ar siúl faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo sa Nígir agus, de réir mar is iomchuí, le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo a thacaíonn le plean fothaithe acmhainneachta Fhórsaí Armtha na Nígre.

*Airteagal 8***Rannpháirtíocht tríú Stáit**

1. Gan dochar do neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais ná dá chreat institiúideach aonair, agus i gcomhréir le treoirlínte ábhartha na Comhairle Eorpaí, féadfar cuireadh a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach in EUMPM Niger.
2. Leis seo, tugann an Chomhairle údarás don Choiste Polaitiúil agus Slándála cuireadh a thabhairt do thríú Stáit rannchuidiú a thairiscint agus na cinní ábhartha a ghlacadh maidir le glacadh leis an rannchuidiú atá beartaithe, ar mhholadh ó Cheannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh, i gcomhairle le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh agus le EUMC.
3. Cumhdófar socrúithe mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht tríú Stáit sna comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích de bhun Airteagal 37 CAE agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 218 CFAE. I gcás ina mbeidh comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas agus ag tríú Stáit lena mbunaítear creat do rannpháirtíocht an tríú Stáit i misin bainistíochta géarchéime de chuid an Aontais, beidh feidhm freisin ag forálacha an chomhaontaithe úd i gcomhthéacs EUMPM Niger.
4. Beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna ag tríú Stáit a thugann rannchuidiú suntasach míleata do EUMPM Niger i ndáil le bainistiú laethúil EUMPM Niger agus a bhíonn ag na Ballstáit a ghlacann páirt in EUMPM Niger.
5. I gcás ina ndéanann tríú Stáit rannchuidiú suntasach míleata le EUMPM Niger, údaraíonn an Chomhairle leis seo don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinní ábhartha a ghlacadh maidir le Coiste na gCuiditheoirí a chur ar bun.

*Airteagal 9***Stádas an phearsanra atá faoi stiúir an Aontais**

Beidh stádas na n-aonad agus an phearsanra faoi stiúir an Aontais, lena n-áirítear na pribhléidí, na díolúintí agus aon ráthaíochtaí breise is gá chun a misean a chomhlíonadh agus a fheidhmiú go rianúil, ina n-ábhar do chomhaontú arna thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 37 CAE agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 218 CFAE.

*Airteagal 10***Socrúithe airgeadais**

1. Riarfar costais choiteanna EUMPM Niger i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509.
2. Is é EUR 27,3 milliún a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais do chostais choiteanna EUMPM Niger ar feadh thréimhse 3 bliana tar éis dháta glactha an Chinnidh seo. Is é a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 15 % le haghaidh gealltanais agus 10 % le haghaidh fócaíochtaí.

*Airteagal 11***Aonad tionscadail**

1. Féadfaidh aonad tionscadail a bheith ag EUMPM Niger chun tionscadail a shainaitheint agus a chur chun feidhme. Maidir leis na tionscadail arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit agus ag tríú Stáit atá faoina gcúram i réimsí a bhaineann le sainordú EUMPM Niger agus chun tacú lena chuspóirí, ba cheart go ndéanfaidh EUMPM Niger na tionscadail sin a chomhordú, a éascú agus go gcuirfeadh sé comhairle ar fáil i dtaca leo, de réir mar is iomchuí.
2. Faoi réir mhír 3, údarófar do Cheannasaí Mhisean an Aontais ranníocaíochtaí airgeadais a lorg ó na Ballstáit nó ó thríú Stáit chun tionscadail a chur chun feidhme, ar tionscadail iad lena bhforlíontar gníomhaíochtaí eile EUMPM Niger agus ar tionscadail atá comhsheasmhach leo. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh Ceannasaí Mhisean an Aontais socrú a thabhairt i gcrích leis na Ballstáit nó leis na tríú Stáit sin, socrú lena gcumhdaítear go háirithe na nósanna imeachta sonracha chun déileáil le haon ghearán ó thríú páirtithe i ndáil le damáiste a eascraíonn as gníomhaíochtaí nó as neamhghníomhaíochtaí de chuid Cheannasaí Mhisean an Aontais maidir le húsáid na gcistí arna soláthar ag na Ballstáit nó ag tríú Stáit sin.

3. Ní bheidh, in imthosca ar bith, an tAontas ná an tArdionadaí faoi dhliteanas ag na Ballstáit nó ag na tríú Stáit is ranníocóirí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí nó ar neamhghníomhaíochtaí a dhéanfaidh Ceannasaí Mhísean an Aontais maidir leis an úsáid a bhainfí as cistí ó na Ballstáit nó ó na tríú Stáit sin.
4. Maidir le glacadh le ranníocaíocht airgeadais ó Bhallstáit nó ó thríú Stáit don aonad tionscadail, beidh sé coinníollach ar chomhaontú an Choiste Pholaitiúil agus Slándála.

Airteagal 12

Scaoileadh faisnéise

1. Beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais, arna giniúint agus i gcomhréir le riachtanais EUMPM Niger, a scaoileadh leis na tríú Stáit a bhfuil baint acu leis an gCinneadh seo, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le riachtanais EUMPM Niger, i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle lena leagtar síos na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais a chosaint^(?):
 - (a) suas go dtí an leibhéal dá bhforáiltear sna comhaontuithe um shlándáil faisnéise is infheidhme arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú Stát lena mbaineann; nó,
 - (b) suas go dtí an leibhéal "CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL" i gcásanna eile.
2. I gcás ina mbeidh gá oibríochtúil sonrath agus láithreach ann, beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí aon fhaisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais suas go dtí an leibhéal "RESTREINT UE/EU RESTRICTED", arna giniúint chun críocha EUMPM Niger, a scaoileadh chuig an Nígir i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE. Déanfar socrúithe idir an tArdionadaí agus údarás inniúla na Nígre a tharraingt suas chun na críche sin.
3. Beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí aon doiciméid neamhaicmithe de chuid an Aontais atá bainteach le plé na Comhairle i ndáil le EUMPM Niger agus atá cumhdaithe ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla de bhun Airteagal 6(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a scaoileadh le tríú stáit a bhfuil baint acu leis an gCinneadh seo^(?).
4. Féadfaidh an tArdionadaí na cumhachtaí dá dtagraítear i míreanna 1 go 3, chomh maith leis an gcumas na socrúithe dá dtagraítear i mír 2 a thabhairt i gcrích, a tharmligean chuig foireann na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí, chuig Ceannasaí Mhísean an Aontais nó chuig Ceannasaí Fórsa Mhísean an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 13

Teacht i bhfeidhm agus foirceannadh

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.
2. Tiocfaidh deireadh le EUMPM Niger 3 bliana tar éis dháta glactha an Cinnidh seo.
3. Déanfar an Cinneadh sin a aisghairm ó dháta dúnta Cheanncheathrú Fórsa Misin, i gcomhréir le pleananna a formheasadh le haghaidh fhoirceannadh EUMPM Niger, agus gan dochar do na nósanna imeachta maidir le cuntais EUMPM Niger a iniúchadh agus a chur i láthair, mar a leagtar síos i gCinneadh (CBES) 2021/509.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

^(?) Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

^(?) Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35).

CINNEADH (CBES) 2022/2445 ÓN gCOMHAIRLE**an 12 Nollaig 2022****lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta sa tSomáil (EUCAP Somalia)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 16 Iúil 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/389/CBES ⁽¹⁾ maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta Muirí Réigiúnaí i gCorn na hAfraice (EUCAP NESTOR).
- (2) An 12 Nollaig 2016, trí Chinneadh (CBES) 2016/2240 ⁽²⁾, leasaigh an Chomhairle sainordú an Mhisin le go ndíreofaí leis ar fhothú acmhainneachta sa tSomáil agus d'athraigh sí ainm an Mhisin go EUCAP Somalia.
- (3) An 10 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/2031 ⁽³⁾ lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES chun síneadh síneadh a chur le EUCAP Somalia go dtí an 31 Nollaig 2022.
- (4) I gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh Iomlánaigh agus Chomhordaithe ar rannpháirtíocht CBSC sa tSomáil agus i gCorn na hAfraice, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart sainordú EUCAP Somalia a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2024.
- (5) Ba cheart Cinneadh 2012/389/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES mar a leanas:

- (1) in Airteagal 13(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

“Is é EUR 83 076 673,07 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha an caiteachas a bhaineann le EUCAP Somalia a chumhdach don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024.”

- (2) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Údarófar don Ardionadaí faisnéis rúnaicmithe AE a ghintear chun críoch EUCAP Somalia suas go dtí an leibhéal aicmiúcháin ábhartha do gach ceann acu a scaoileadh chuig Gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile an Aontais, agus go háirithe chuig Frontex agus EUROPOL, i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle (*). Dréachtófar socrúithe teicniúla chun na críche sin.

(1) Cinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta sa tSomáil (EUCAP Somalia) (IO L 187, 17.7.2012, lch. 40).

(2) Cinneadh (CBES) 2016/2240 ón gComhairle an 12 Nollaig 2016 lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta Muirí Réigiúnacha i gCorn na hAfraice (EUCAP NESTOR) (IO L 337, 13.12.2016, lch. 18).

(3) Cinneadh (CBES) 2020/2031 ón gComhairle an 10 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta sa tSomáil (EUCAP Somalia) (IO L 419, 11.12.2020, lch. 26).

6. Féadfaidh an tArdionadaí na cumhachtaí dá dtagraítear i míreanna 1 go 5, chomh maith leis an gcumas na sócruithe dá dtagraítear i míreanna 2 go 5 a thabhairt i gcrích, a tharmligean chuig na daoine a chuirtear faoina údarás nó faoina húdarás, chuig an gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha agus/nó chuig an gCeann Mísín.

(*) Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála i dtaca le faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).”;

(3) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deireanaí:

“Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2024.”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2446 ÓN gCOIMISIÚN
an 12 Nollaig 2022

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2201 maidir le ceapachán comhaltaí áirithe agus a gcomhaltaí malartacha den Bhord Bainistithe Líonra agus den Aonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime le haghaidh na bhfeidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le heagrú agus úsáid aerspáis san aerspás Eorpach aonair ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 6(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún ⁽²⁾ bunaítear Bord Bainistithe Líonra chun faireachán agus stiúradh a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na bhfeidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta. Bunaítear leis freisin Aonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime chun bainistiú éifeachtach géarchéime a áirithiú ar leibhéal an líonra.
- (2) Faoi Airteagal 18(7) agus Airteagal 19(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123, ceapfaidh an Coimisiún comhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha chuig an mBord agus chuig an Aonad ar thograí óna n-eagraíochtaí, ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint nó ó Eurocontrol.
- (3) Is le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2168 ón gCoimisiún ⁽³⁾ a ceapadh cathaoirleach, leaschathaoirleach, comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Bhoird Bainistithe Líonra agus comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Aonaid Eorpaigh um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime le haghaidh na tréimhse 2020 go dtí 2024.
- (4) Cuireadh san áireamh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2201 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ roinnt tograí leis ó húdaráis ainmnithe a shainaitheann in Airteagal 18(7) agus in Airteagal 19(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 le haghaidh ceapacháin chuig an mBord Bainistithe Líonra agus chuig an Aonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime.
- (5) In 2021, i ndiaidh theacht i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2201, fuair an Coimisiún roinnt tograí maidir le ceapacháin nua chuig an mBord Bainistithe Líonra agus chuig an Aonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime. Ionchorpraíodh na tograí sin i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2201 trí Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/723 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾.

⁽¹⁾ IO L 96, 31.3.2004, lch. 20.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2019 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta a chur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 ón gCoimisiún (IO L 28, 31.1.2019, lch. 1).

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2168 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 maidir le ceapachán an chathaoirleach agus na gcomhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha den Bhord Bainistithe Líonra agus na gcomhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha den Aonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime le haghaidh feidhmeanna bainistíochta líonra aerthráchta i ndáil leis an tréimhse thagartha 2020-2024 (IO L 328, 18.12.2019, lch. 90).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2201 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2020 maidir le ceapachán comhaltaí áirithe agus a gcomhaltaí malartacha chuig an mBord Bainistithe Líonra agus chuig an Aonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime le haghaidh na bhfeidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta (IO L 434, 23.12.2020, lch. 59).

⁽⁵⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/723 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2201 maidir le ceapachán comhaltaí áirithe agus a gcomhaltaí malartacha den Bhord Bainistithe Líonra agus den Aonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime le haghaidh na bhfeidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta (IO L 134, 11.5.2022, lch. 21).

- (6) Ó shin, fuair an Coimisiún roinnt tograí maidir le ceapacháin nua chuig an mBord Bainistithe Líonra agus chuig an Aonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime.
- (7) Ar na tograí a fuarthas bhí moladh ó Eurocontrol inar ainmníodh ceathrar ionadaithe de chuid soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta tíortha comhlachaithe le haghaidh 2023. Is gá glacadh leis na hainmniúcháin sin le haghaidh 2023 ionas gur féidir ionadaithe na dtíortha comhlachaithe a rothlú sna blianta ina dhiaidh sin, mar a fhoráiltear in Airteagal 18(7) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123.
- (8) Gach duine a bhfuil sé beartaithe iad a cheapadh, ó theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, ba cheart dóibh a theacht in ionad na ndaoine a cheapadh rompu.
- (9) Ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne ionas gur féidir le ceapaithe nua dul isteach ar an mBord Bainistithe Líonra ón 1 Eanáir 2023.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Aerspás Aonair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na daoine a liostaítear in Iarscríbhinn I, ceapfar iad ar feadh na tréimhse ó theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo go dtí an 31 Nollaig 2024 mar chomhaltaí agus mar chomhaltaí malartacha den Bhord Bainistithe Líonra, sa cháil dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin. I gcás ina sonraítear tréimhse níos giorra san Iarscríbhinn, beidh feidhm ag an tréimhse sin.

Na téarmaí oifige atá ann faoi láthair agus a chumhdaítear leis na ceapacháin dá dtagraítear sa chéad mhír, rachaidh siad in éag ar theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

Airteagal 2

Na daoine a liostaítear in Iarscríbhinn II, ceapfar iad ar feadh na tréimhse ó theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo go dtí an 31 Nollaig 2024, mar chomhaltaí agus mar chomhaltaí malartacha den Aonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime, sa cháil dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin. I gcás ina sonraítear tréimhse níos giorra san Iarscríbhinn, beidh feidhm ag an tréimhse sin.

Na téarmaí oifige atá ann faoi láthair agus a chumhdaítear leis na ceapacháin dá dtagraítear sa chéad mhír, rachaidh siad in éag ar theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

CEAPACHÁIN COMHALTAÍ A bhfuil VÓTA ACU AGUS COMHALTAÍ NACH bhfuil VÓTA ACU DEN
BHORD BAINISTITHE LÍONRA, AGUS A gCOMHALTAÍ MALARTACHA

An Cathaoirleach:	Gan ceapachán nua* ⁽¹⁾
An Chéad Leas-Chathaoirleach:	
An Dara Leas-Chathaoirleach:	Gan ceapachán nua*

⁽¹⁾ Ionadaithe a bhfuil * leo in Iarscríbhinní I agus II, ceapadh iad le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2168 ón gCoimisiún, atá i bhfeidhm go fóill.

Úsáideoirí aerspáis

	Comhaltaí a bhfuil vóta acu	Comhaltaí malartacha
AIRE/ERA	Maciej Wilk, Príomhoifigeach Oibriúcháin/Bainisteoir Cuntasach, LOT (AIRE) (go dtí an 31 Nollaig 2024)	Peter Sandgren, Stiúrthóir Oibríochtaí Talún, Nova Airlines AB (ERA) (go dtí an 31 Nollaig 2024)
A4E		Matthew Krasa, Ceannt na nGnóthaí Poiblí, Ryanair
IATA	Gan ceapachán nua*	Gan ceapachán nua*
EBAA/IAOPA/EAS	Robert Baltus,** ⁽¹⁾ Príomhoifigeach Oibriúcháin, European Business Aviation Association (EBAA) (go dtí an 31 Nollaig 2024)	Gan ceapachán nua*

⁽¹⁾ Ionadaithe a bhfuil ** leo in Iarscríbhinní I agus II, ceaptar iad leis an gCinneadh seo.

Soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta de réir an bhloic feidhme aerspáis

	Comhaltaí a bhfuil vóta acu	Comhaltaí malartacha
BALTIC	Maciej Rodak** Leas-Uachtarán PANSA (go dtí an 31 Nollaig 2024)	Tomas Montvila** Príomhoifigeach Oibriúcháin Oro Navigacija (go dtí an 31 Nollaig 2024)
BLUEMED	Maurizio Pagetti, Príomhoifigeach Oibriúcháin, ENAV (go dtí an 31 Nollaig 2024)	Claude Mallia, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, MATS (go dtí an 31 Nollaig 2024)
DANUBE	Gan ceapachán nua*	Adrian Florea, Stiúrthóir Oibríochtúil (ROMATSA) (go dtí an 31 Nollaig 2024)
DK-SE	Gan ceapachán nua*	Thorsten Elkjaer, Príomhoifigeach Oibriúcháin, NAVIAIR (go dtí an 31 Nollaig 2024)

FABCE	Gabor Menrath Stiúrthóir ATM Hungarocontrol (go dtí an 31 Nollaig 2024)	Alexander Hanslik Stiúrthóir Austrocontrol (go dtí an 31 Nollaig 2024)
FABEC	Dirk Mahns, Príomhoifigeach Oibriúcháin, Deutsche Flugsicherung GmbH (DFS)	Florian Guillermet, Stiúrthóir, DSNA (go dtí an 31 Nollaig 2024)
		Gan ceapachán nua*
NEFAB	Tormod Rangnes, Stiúrthóir Oibríochtaí, Avinor (go dtí an 31 Nollaig 2024)	Janis Lapins, Leas-Cheann ATM, LGS (go dtí an 31 Nollaig 2024)
SOUTH-WEST	Gan ceapachán nua*	Nuno Simoes** Stiúrthóir na hoifige straitéise, pleanála agus caidrimh sheachtraigh Navegacao Aerea de Portugal (NAV Portugal)
ÉIRE	David Usher, **Údarás Eitlíochta na hÉireann	Joe Ryan, Údarás Eitlíochta na hÉireann

Oibreoirí aerfoirt

	Comhaltaí a bhfuil vóta acu	Comhaltaí malartacha
	Gan ceapachán nua*	Ivan Bassato, Stiúrthóir Bainistíochta an Aerfoirt, Aeroporto di Roma Fiumicino (Roma)
	Gan ceapachán nua*	Isabelle Baumelle, Príomhoifigeach Oibriúcháin & Stiúrthóir Margaíochta Aerlínte, Aeroports de la Cote d'Azur, Nice, an Fhrainc

An tArm

	Comhaltaí a bhfuil vóta acu	Comhaltaí malartacha
Soláthraithe míleata seirbhísí aerloingseoireachta	Gan ceapachán nua*	An Coirnéal Matthias Löwa, Stiúrthóir ATM, an tÚdarás Eitlíochta Míleata, an Ghearmáin (go dtí an 31 Nollaig 2024)
Úsáideoirí míleata aerspáis	An Briogáidireghinearál Laurent Thiebault** DSAE	An Coirnéal Yann Pichavant, ionadaí ATM, Ministère de la Défense, an Fhrainc

Cathaoirleach an Bhoird Bainistithe Lónra

	Comhalta nach bhfuil vóta aige	Comhalta malartach
	Gan ceapachán nua*	

An Coimisiún Eorpach

	Comhalta nach bhfuil vóta aige	Comhalta malartach
	Christine Berg, Ceann Aonaid, Aerspás Eorpach Aonair AS MOVE, an Coimisiún Eorpach	Staffan Ekwall, Oifigeach beartas, AS MOVE, an Coimisiún Eorpach

Údarás Faireacháin CSTE

	Comhalta nach bhfuil vóta aige	Comhalta malartach
	Gan ceapachán nua*	Valgerður Guðmundsdóttir, Leas- Stiúrthóir, Údarás Faireacháin CSTE

Bainisteoir Lónra

	Comhalta nach bhfuil vóta aige	Comhalta malartach
	Gan ceapachán nua*	Gan ceapachán nua*

Cathaoirleach na meithle um oibríochtaí (NDOP)

	Comhalta nach bhfuil vóta aige	Comhalta malartach
	Gan ceapachán nua*	Guillaume Blandel, Stiúrthóir Oibríochtaí, DSNA**

Ionadaithe soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta tíortha comhlachaithe

	Comhaltaí nach bhfuil vóta acu	Comhaltaí malartacha
Go dtí an 31 Nollaig 2023.	Nenad Šakić** Seirbhísí Aerthráchta na Seirbia agus Mhontainéagró (SMATSA)	Mirjana Vasiljević** Seirbhísí Aerthráchta na Seirbia agus Mhontainéagró (SMATSA)
Go dtí an 31 Nollaig 2023	Sitki Kagan Ertas, ** Soláthraí Seirbhísí Aerloingseoireachta na Tuirce (DHMI)	Sevda Turhan,** Soláthraí Seirbhísí Aerloingseoireachta na Tuirce (DHMI)

Eurocontrol

	Comhalta nach bhfuil vóta aige	Comhalta malartach
	Raul Medina Caballero** Ard-Stiúrthóir Eurocontrol (go dtí an 31 Nollaig 2024)	Gan ceapachán nua*

IARSCRÍBHINN II

CEAPACHÁIN COMHALTAÍ BUANA DEN AONAD EORPACH UM CHOMHORDÚ EITLÍOCHTA I gCÁS
GÉARCHÉIME, AGUS A gCOMHALTAÍ MALARTACHA

Na Ballstáit

	Comhalta	Comhalta malartach
	Gan ceapachán nua*	Gan ceapachán nua*

Stáit CSTE

	Comhalta	Comhalta malartach
	Gan ceapachán nua*	Gan ceapachán nua*

An Coimisiún Eorpach

	Comhalta	Comhalta malartach
	Christine Berg, Ceann Aonaid, Aerspás Eorpach Aonair AS MOVE, an Coimisiún Eorpach	Staffan Ekwall, Oifigeach beartas, AS MOVE, an Coimisiún Eorpach

Gníomhaireacht

	Comhalta	Comhalta malartach
	Fabio Grasso — Bainisteoir na Rannóige um Chaighdeáin agus Cur Chun Feidhme ATM (go dtí an 31 Nollaig 2024)	Gan ceapachán nua*

Eurocontrol

	Comhalta	Comhalta malartach
	Philippe Merlo, DECMA** (go dtí an 31 Nollaig 2024)	Philip Hugues DECMA** (go dtí an 31 Nollaig 2024)

Bainisteoir Líonra

	Comhalta	Comhalta malartach
	Gan ceapachán nua*	Steven Moore Bainisteoir Oibríochtaí EACCC Bainisteoir Líonra na Stiúrthóireachta Eurocontrol

An tArm

	Comhalta	Comhalta malartach
	An Leifteanantchoirnéal Adam Karwoth Údarás Eitlíochta Míleata na Gearmáine	An Coirnéal Yann Pichavant, Ministère de la Défense, an Fhrainc

Soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta

	Comhalta	Comhalta malartach
	Gan ceapachán nua*	Gan ceapachán nua*

Oibreoírí aerfoirt

	Comhalta	Comhalta malartach
	Aidan Flanagan, Bainisteoir Sábháilteachta, ACI — an Eoraip (go dtí an 31 Nollaig 2024)	Gan ceapachán nua*

Úsáideoirí aerspáis

	Comhalta	Comhalta malartach
	Gan ceapachán nua*	Gan ceapachán nua*

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)